



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Plean Corparáideach

2008-2011

Rochtain Éasca • Muinín an Phobail • Bród Foirne

Clár Ábhar

Brollach - Focal ó Chathaoirleach an Bhoird	4
Réamhrá agus Teachtaireacht ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	6
1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Eagraíocht agus a Rialachas	8
2. Príomhdhúsláin Sláinte 2008 – 2011	12
3. Ár gCuspóirí Straitéiseacha	15
4. Ó Chuspóir Straitéiseach go Soláthar Seirbhíse	16
5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT)	22
6. Monatóireacht ar ár bhFeidhmiúcháin agus Rathúlacht a Thomhas	48
Giorrúcháin	51
Leabharliosta	52
Ár gCairt Luachanna	54

Ár Luachanna agus Misean:

Luachanna:

Meas

Meas ar Othair/ar Chliaint agus ar chéile. Tábhacht bhunúsach daoine a aithint trí mheán na muiníne, na cúirtéise, na cumarsáide agus an chomhoibrithe.

Cothroime agus Comhionannas

Seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar bunaithe ar bhonn riachtanais agus ár ndícheall a dhéanamh seirbhís sláinte chothromasach a sholáthar.

Barr Feabhais

Ár ndícheall a dhéanamh i ngach gné dár gcuid oibre.

Ceannaireacht

Todhchaí FSS a stiúradh.

Cuntasacht agus Freagracht

Macántacht, comhsheasmhacht agus cuntasacht inár gcinntí, ár mbriathra agus ár ngníomhartha.

Misean:

Cuidiú le daoine saol níos sláintiúla folláine a chaitheamh.

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Sláinte agus Folláine

Féachaimid le cosc a chur ar thinneas; tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine agus a chur ar a gcumas stíleanna maireachtála neamhspleácha sláintiúla fiúntacha a chleachtadh le dóchúlacht tinnis a laghdú. Cinnteoidimid go mbeidh diagnóis luath, cóireáil agus cúram ar fáil, nuair is gá.

Seirbhísí Inbhaunaithe

Cuirfimid cruth nua ar ár seirbhísí féin le seirbhísí ospidéil agus phobail a fhorbairt a chuirfidh cúram ar fáil do dhaoine anois, agus amach anseo. Má dhéanfaimid an cúram cuí den phobal, tabharfaimid an deis do na hospidéil díriú ar insroicteacht a fheabhsú, le gur féidir cúram níos éifeachtúla géire pleanáilte a sholáthar.

Barr Feabhais Oibríochta

Bainfimid barr feabhais oibríochta amach ag baint úsáide as próisis agus córais atá éifeachtach, éasca don lucht seirbhíse a thuiscint, atá bunaithe ar bhonn fianaise agus a thugann luach ar airgead.

Lánacmhainneacht a Chomhlíonadh

Tabharfaimid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann ar fad chun iomlán a gcumas a réadú agus ardchaighdeán cúraim a sholáthar. I gcomhar le chéile, déanfaimid gach ní a chuirfear i gcrích a aithint agus a cheiliúradh agus spreagfaimid an fhoireann le bheith freagrach ina gcuid oibre, dúshlán a láimhseáil agus bheith bródúil as a bhfuil déanta acu thar ceann na heagraíochta.

Ardchaighdeán agus Sábháilteacht

Cinnteoidimid ardchaighdeán agus sábháilteacht inár seirbhísí. Má dhéanaimid cultúr ardchaighdeán agus sábháilteachta a chothú, cinnteoidimid go mbeidh feabhsuithe leanúnacha caighdeán agus sábháilteachta mar thosaíocht i ngach gné dár gcuid oibre.

Iontaobhas agus Muinín

Cuirfimid le hiontaobhas agus muinín an phobail as ár seirbhísí sláinte trí sheirbhísí tráthúla comhtháite gairmiúla inrochtana a chur ar fáil. Déanfaimid níos fusa do dhaoine teacht ar na seirbhísí cuí, san áit chuí, ag an am cuí.

Brollach – Focal ó Chathaoirleach an Bhoird



An tUas. Liam Downey, Cathaoirleach
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

TÁIM SASTA an dara Plean Corparáideach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), a forbraíodh i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, a chur i bhur láthair. Ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna a bheidh mar threoir ag an bPlean

seo a leagann amach treo straitéiseach FSS do na trí bliana ó 2008-2011. Cuireann sé fócas agus frámaíocht ar fáil do phleanáil agus riarachán na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta ionas gur féidir seirbhís sláinte den chéad scoth a sholáthar do mhuintir Phoblacht na hÉireann.

Míníonn an Plean Corparáideach “cad chuige FSS” agus sonraíonn sé an sprioc straitéiseach a léiríonn ár n-aidhm agus ár gcomhchuspóir. Tugann an Plean soiléire dúinn, go háirithe maidir leis an bhfeidhm a bheidh ag FSS i gcás seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar don phobal. Léiríonn sé an frámaíocht uileghabhálach ina mbeidh an eagraíocht ag forbairt eochairghníomhaíochtaí agus treoríodh sé muid i gcás iarrachtaí na foirne agus acmhainní a dhíriú.

A fhad is a bheimid i mbun ár ngníomhartha, tá sé i gceist againn cloí lenár mBunluachanna a bheidh ar an gcaighdeán is airde den rialachas corparáideach.

Cé nach bhfuil gannmheas againn ar an obair shuntasach a cuireadh i gcrích roimhe seo, i ré an Bhoird Sláinte agus le linn tosaithe don FSS, tá dul chun cinn mór uainn le go sroichfimid sprioc ár bhFíse, agus le bheith iomaíoch i dtimpeallacht ina bhfuil éileamh mór ar rochtain ar sheirbhísí éifeachtacha agus teicneolaíocht nua.

Ní féidir an Plean a chur i gcrích gan comhoibriú agus dá bharr tá ceangaltas leanúnach comhpháirtíochta ag croílár an Phlean. - comhpháirtíocht laistigh de FSS, i gcás rannpháirtíocht na foirne, agus lasmuigh i measc ár gcomhpháirtithe. Beidh dúshláin agus cinntí deacra i gceist le feidhmiúchán an Phlean. Bíodh is gur fíor sin, creidimid go dtugann an Plean seo gormchló dúinne, agus dár gcomhpháirtithe chun dul i ngleic lena sholáthar, tacú leis agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann.

Le comhoibriú, cuirfimid lenár láidreachtaí, bainfimid leas as gach deis ar son úsáideoirí ár seirbhísí, agus cuirfimid romhainn gach baol a íoslaghdú. Treoróidh ár Luachanna muid i gcás cúrsaí oibre laethúla, caighdeáin phearsanta agus gairmiúlacht, le go gcuirfimid ár bhFís i gcrích: Rochtain Éasca, Muinín an Phobail agus Bród Foirne.



An tUas. Liam Downey

Cathaoirleach

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Réamhrá agus Teachtaireacht ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



An tOllamh Brendan Drumm,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

SEO AN DARA Plean Corparáideach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Foilsíodh an chéad Phlean sa bhliain 2005, go gairid i ndiaidh bhunú FSS nuair a beartaíodh ar sheirbhís sláinte náisiúnta comhtháite a chur ar fáil in áit struchtúir chasa na mBord agus na ngníomhaireachtaí sláinte. Forbraíodh é chun freastal ar ár gceanglais dhlíthiúla faoi Alt 29(2)(c) den Acht Sláinte 2004 agus tugadh chun críche é i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Tar éis dúinn na dúshraitheanna a chur ar bun le trí bliana anuas, an dúshlán atá romhainn ná seirbhís sláinte inbhuanaithe a thógáil: seirbhís ina bhfuil sábháilteacht othar agus ardchaighdeán cúraim lárnach, seirbhís a chomhlíonann a cuid dualgas, seirbhís a bheidh solúbtha maidir le breis éilimh, seirbhís a chaomhnóidh feabhsuithe agus a rachaidh chun sochair ó thaobh costais agus sláinte de.

Leagann an Plean seo ár treo straitéiseach síos mar aon lenár sé **Chuspóir Straitéiseacha** a bhaineann lenár sláinte agus folláine, muinín agus iontaoibh a spreagadh, seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar, ardchaighdeán agus sábháilteacht a chinntiú chomh maith le forbairt foirne agus feabhas oibríochta.

Is pointe tagartha tábhachtach é an Plean Corparáideach 2008-2011 chun tacú le pleanáil, tosaíochtaí a shocrú agus tomhas a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht. Baineadh úsáid as fianaise ó sheirbhísí sláinte idirnáisiúnta eile i bhforbairt an Phlean le cinntiú go bhfuil seirbhís sláinte poiblí na hÉireann ag dul sa treo ceart chun bheith ar an gcaighdeán is airde.

Cuid lárnach den treo ceart sin ná cinnte a dhéanamh de go mbíonn teacht ag daoine ar na seirbhísí sláinte cuí. Is gá, mar sin, seirbhísí sláinte agus pobail a fhorbairt a bheidh comhtháite taobh istigh de gach limistéar agus trasna na limistéar ar fad. Chomh maith leis sin, táimid ag díriú ar an méid cúraim agus is féidir a aistriú ó na hospidéal ghéarmhíochaine go háiseanna atá bunaithe sa phobal. Ba chóir go mbeadh, mar thoradh air sin, teacht ag na húsáideoirí seirbhíse ar sheirbhísí cúraim shláinte agus sóisialta atá nasctha go héifeachtach, agus nach mbeidh moill ar bith orthu ag dul ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

Dar ndóigh, tá teorainn leis na hacmhainní atá ar fáil gach bliain. Tá úsáid na n-acmhainní sa slí is tairbhí ina príomhchuspóir agus ina dhúshlán dúinn, díreach mar atá do sheirbhísí sláinte go hidirnáisiúnta. Cuirfear an Plean i bhfeidhm ar aon dul le Meastacháin bhliantúla faofa do Sheirbhísí Soláthair faoi Vóta 40. Téann úsáid na n-acmhainní, agus feabhsú chaighdeán an chúraim agus torthaí, lámh le lámh, agus má nascfar iad is féidir linn díriú ar sheirbhísí a bhainfidh, de réir na fianaise, na torthaí cuí don othar amach. Cuid lárnach de sin ná córais agus próisis dhearbhaithe cáilíochta, atá láidir agus trédhearcach, a fhorbairt.

Míníonn an Plean seo ár **Eochairlimistéir Thorthaí (ELT)** do na trí bliana atá le teacht agus léiríonn sé an tábhacht rudaí a chur i ngníomh le torthaí a bhaint amach, nó **Eochairthorthaí**. Sainaithníodh an-chuid **Eochairtháscairí Feidhmíochta** cheana féin. Táimid ag obair go dian le bearta a fhorbairt atá níos sonraithe, agus níos fóintí, atá i gcoibhneas lenár gcuspóirí corparáideacha. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe agus leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun é seo a bhaint amach.

Is ár **gClár Athraithe (CA)** an príomhmheán atá againn le cúrsaí a athrú. Tabharfaidh an clár tacaíocht dúinn an tslí a eagraímid, agus a dhéanaimid soláthar ar ár seirbhísí a athrú ó bhonn. Is rud fadtéarmach atá san athrú. Mí i ndiaidh míosa tá dul chun cinn le feiceáil, i ngach leibhéal den chóras. Nuair a chuirfear i ngníomh an córas Pleanála agus Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Acmhainní Daonna (PAF) braithim go gcabróidh sé go mór linn mar fhoireann agus mar dhaoine aonair, ach treoir a thabhairt, aidhmeanna a aithint agus feidhmiúchán a thomhas i gcaitheamh na bliana. Úsáidfear an córas seo in éineacht lenár gcórais phleanála agus lenár gcórais mhonatóireachta eile.

Ó lá go lá bíonn an fhoireann againne ag obair go dian chun ardseirbhísí a fhorbairt timpeall na tíre ar fad agus ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil leo as ucht a gcoinsiasachta agus as ucht a dtiomantais.



An tOllamh Brendan Drumm

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Eagraíocht agus a Rialachas

Réamhrá


Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i mí Eanáir na bliana 2005 mar chomhlacht amháin ar a raibh an dualgas reachtúil seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú agus a sholáthar i bPoblacht na hÉireann. Mar a leagadh amach san Acht Sláinte 2004 cuspóir na Feidhmeannachta ná “*gach acmhainn atá ar fáil aici a úsáid sa tslí is tairbhí agus is éifeachtaí le sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chothú agus a chosaint*”.

Leagann Plean Corparáideach an treo straitéiseach amach don eagraíocht agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag an struchtúr pleanála iomlán. Tá Plean Corparáideach FSS dírithe ar shláinte an daonra a chaomhnú agus a chosaint, le béim láidir ar éagothroime sláinte a laghdú. Déantar gníomhartha, spriocanna, aschur agus torthaí de na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach inár

bPlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN). Leagann an PSN, i ráiteas cuimsitheach comhtháite, an cineál agus an méid de sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta atá le soláthar ag FSS do mhuintir Phoblacht na hÉireann, laistigh de dháileadh vótála (Vóta) an Oireachtais don bhliain sin agus laistigh de na leibhéal faofa fostaíochta atá i mbeartas rialtais. Ar aon dul le riachtanais reachtaíochta, bíonn ar an Aire Sláinte agus Leanaí an PSN a fhaomhadh go bliantúil.

Déantar cur i ngníomh an PSN i bPleananna Gnó na Stiúrthóireachta ag gach leibhéal san eagraíocht. Déannann FSS monatóireacht ar a gníomhartha i bhFrámaíocht Pleanála, Monatóireachta, Tomhas Feidhmíochta agus Bainistíochta, a míneofar i gCaibidil a 6. Gach bliain leagann an Tuarascáil Bhliantúil amach conas mar a d'éirigh leis an eagraíocht sa bhliain sin. Taispeánann fíor 1 an coibhneas agus na naisc sa fhrámaíocht.

Fíor 1: Frámaíocht Phleanáil, Mhonatóireacht, Thomhas Feidhmíochta agus Bhainistíochta FSS



Tá buiséad bliantúil de isteach is amach le €15 bhiliún againn. Is trí Vóta 40, a fhoilsíonn an tAire Airgeadais san Ionchas Réamhbhúisíd gach Deireadh Fómhair, a chistítear muid. Dáiltear cistiú fhorbairt seirbhíse breise ar Lá an Bhúisíd (Tosach mhí na Nollag gach bliain).

Is í FSS an dara fostóir is mó san earnáil poiblí. Tá tuairim is 130,000 duine fostaithe againn go díreach nó go hindíreach (111,505 coibhéis lánaimseartha [CLA]). Ar aon dul le beartais fostaithe na seirbhísí poiblí ar fad, is gá do FSS feidhmiú faoi fhrámaíocht um rialú fostaíochta ("sleáil fostaíochta") agus cinntiú go mbíonn costais foirne rialaithe agus stiúrtha ar an mbealach is éifeachtaí. Cuid lárnach den eagraíocht ná go mbeidh foireann spreagtha inniúil ann atá gníomhach in ardseirbhísí othardhírthe a sholáthar.

Tá gach seirbhís ag obair laistigh de chóras soiléir rialaithe ar aidhm dó cothromaíocht idir bainistíocht airgeadais agus riachtanais rialachais, agus bainistíocht cáilíochta agus fiontraíochta, a aimsiú. Is trí theacht ar an gcothromaíocht seo ar féidir linn soláthar ardseirbhísí a chinntiú leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Socrúithe Rialachais

Is é Bord FSS bord rialaithe na heagraíochta (le tacaíocht ó Chód Rialachais), agus is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ag baint úsáide as na hacmhainní teoranta a fhaighimid, tá an dualgas ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar airgead an phobail. Faigheann an POF tacaíocht ó Fhoireann Ardbhainistíochta, a bhfuil Stiúrthóirí Náisiúnta de gach seirbhís soláthair agus tacaíochta ann.

Leagann an tAcht Sláinte 2004 frámaíocht reachtúil síos a dhéanann cinnte de go bhfuilimid freagrach don Aire Sláinte, don Rialtas, agus i ndeireadh na dála muintir na hÉireann, inár bhfeidhmiúchán. Tá an Roinn Sláinte agus Leanáí (RSL) freagrach as measúnú a dhéanamh ar sholáthar polasaithe agus seirbhísí atá ann cheana féin, i bhforbairt polasaithe agus i bhforáil frámaíochta reachtúla a thugann tacaíocht d'fhorbairt na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta.

Leagann an Ráiteas Straitéise acu, 2008-2011, síos a gclár oibre maidir le gníomhú straitéiseach i rith an ama seo, ar a dtugann FSS freagra i dtéarmaí tosaíochtaí sholáthar seirbhísí. Tugann Ráiteas maidir le Torthaí Bliantúla na RSL den Ghrúpa Vótaí Sláinte tuarascáil ar na hiarmhairtí agus na torthaí a cuireadh i gcrích, de na hacmhainní airgeadais agus foirne don bhliain airgeadais.

Ní faoi chúram FSS agus an RSL amháin feabhas a chur ar iarmhairtí sláinte mhuintir na hÉireann. Tá dlúthchomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí eile riachtanach le tionchar a oibriú ar ár dtreo straitéiseach agus tacú leis.

Tá an timpeallacht rialaithe lena mbainimid casta agus tá sí ag síorathrú, agus tá raon riachtanas beartais agus reachtaíochta mar threoir do sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta. Taispeánann bunú an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (UFCS) faoi Acht Sláinte 2007, go bhfuil béim níos láidre á cur ar cháilíocht

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Eagraíocht agus a Rialachas ar leanúint

agus ar shábháilteacht. Cuspóir an UFCS ná sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta is cur le sláinte agus folláine an phobail.

Tá Frámaíocht Cháilíochta agus Shábháilteachta á forbairt ag an UFCS, ina mbeidh roinnt chroíchaighdeán ardleibhéil a bheidh bainteach le seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta agus tabharfaidh FSS freagra orthu. Leagfaidh an UFCS caighdeán síos de réir mar is cúí, féachfaidh siad an gcomhlíonfar na caighdeán sin agus tabharfaidh siad tuarascáil ar staid reatha an chomhlíonta.

Cé go bhfuil feidhm dhifriúil ag an dá eagraíocht, déanfaidh FSS agus an UFCS a ndícheall seirbhísí sábháilte éifeachtacha a chur i gníomh don phobal. Beimid ag obair ar bhonn comhairleach maidir le réimse mór gníomhartha chun é seo a bhaint amach.

Plean Corparáideach – An Frámaíocht Dlíthiúil

Éilíonn Alt 29(2)(c) den Acht Sláinte 2004 ar FSS Plean Corparáideach a chur faoi bhráid an Aire “*ag deireadh tréimhse trí bliana ó cuireadh isteach an plean corparáideach is déanaí*”. Cuireadh isteach an Plean tionscnaimh do FSS sé mhí i ndiaidh a bunaithe sa bhliain 2005.

De réir an Acht Sláinte “*ní mór don phlean bheith ullmhaithe i bhfoirm agus i mbealach atá ag cloí le treoracha an Aire*” agus ní mór dó iad seo a leanas a shonrú:

- Eochairchuspóirí na Feidhmeannachta don tréimhse 3 bliana atá i gceist agus na straitéisí a ghabhann leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

- An bealach atá i gceist ag an bhFeidhmeannacht na cuspóirí sin a bhaint amach, agus
- Na húsáidí atá ar intinn ag an bhFeidhmeannacht maidir le feidhmiú a gcuid acmhainní.

Ní mór don Phlean, chomh maith, polasaithe an Rialtais nó polasaithe an Aire a chur san áireamh agus a gcoibhneas le feidhmeanna na Feidhmeannachta.

Struchtúr Eagrúcháin – Fás na hEagraíochta

Ón uair gur bunaíodh an eagraíocht i leith, le tacaíocht óna feidhmeanna corparáideacha, is ar thrí réimse áirithe de sholáthar seirbhísí a bhfuil FSS dírithe; cúram príomhúil, pobail agus leanúnach, seirbhísí ospidéal agus géarchúraim, agus seirbhísí sláinte daonra. Príomhchuspóir de thréimhse 3 bliana an Phlean seo ná feabhsuithe breise agus bunathruithe eagraíochtúla a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh an t-uasmhéid éifeachtúlachta i soláthar seirbhísí comhtháite ar fáil d’úsáideoirí ár seirbhísí.

Is é is aidhm do na bunathruithe seo ná freagracht agus údarás áitiúil a mhéadú laistigh de na teorainneacha sainithe náisiúnta, struchtúir cheantair a threisiú agus páirt níos cliniciúla a ghlacadh i ndearadh agus bainistíocht na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta.

Na seirbhísí atá á soláthar againn don phobal:

- Seirbhísí cothaithe sláinte agus seirbhísí caomhnaithe sláinte
- Seirbhísí cúraim phríomhúil agus phobail (liúntais leasa shóisialaigh san áireamh)
- Seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh
- Seirbhísí do dhaoine scothaosta, cúram maolaitheach agus seirbhísí do dhaoine le tinnis ainsealacha
- Seirbhísí meabhairshláinte
- Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais
- Pleanáil éigeandála agus seirbhísí folláine chomhshaoil, agus
- Seirbhísí atá á soláthar ag conraitheoirí neamhspleácha (m.sh. dochtúirí teaghlaigh, poitigéirí, optaiméadraithe, fioclóirí), grúpaí neamhrechtúla, deonacha agus pobail ar son FSS.

Na seirbhísí atá á soláthar againn in ospidéal:

- Réimse leathan de sheirbhísí measúnachta, diagnóise, cóireála agus athshlánaithe ar bhonn réigiúnach, for-réigiúnach agus náisiúnta
- Seirbhísí otharcharranna agus seirbhísí práinnfhreagartha, agus
- Cuirtear oiliúint fochéime agus iarchéime ar fáil in ospidéal; oiliúint do ghairmithe sna seirbhísí míochaine agus sláinte agus taighde cliniciúil riachtanach i gcomhar le hollscoileanna.

Ar ghnáthlá i FSS tá:

- 11,898 othar inár ospidéal ghéarmhíochaine
- 2,363 duine a fhreastalaíonn orainn ar feadh lae
- 12,100 duine ag freastal ar rannóga na n-othar seachtrach
- 570 glaoch éigeandála ar otharcharranna
- 3,136 duine ag freastal ar Rannóg Éigeandála
- 192 breith
- 49,432 uair an chloig de chúram tí á soláthar
- 2,278 glaoch ar sheirbhísí iar-ama dochtúirí teaghlaigh
- 7.200 duine ag fáil cóireáil mheatadóin
- 7,100 duine in obair dhídeanach
- 5.322 leanaí faoi chúram
- 2,929 daoine in oiliúint athshlánaithe
- 2,773 othar ag fáil chúraim mhaolathaigh sa bhaile, agus
- 221 glaoch ar an Líne Eolais (Líne ghlaosábhála 1850 241 850).

2. Príomhdhúshláin Sláinte do 2008-2011

Réamhrá

Tá an timpeallacht ina bhfuil seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta ag feidhmiú tar éis athrú go mór, go hidirnáisiúnta, le deich mbliana anuas, agus cuireadh brú mór ar chórais sláinte timpeall an domhain dá bharr. Chuir na forbairtí teicneolaíochta, mar aon le hionchais phobail atá éagsúil ó bhonn agus stíleanna maireachtála, atá ag síorathrú, leis an mbrú seo.

Tá athrú suntasach tar éis teacht ar shochaí na hÉireann le deich mbliana anuas go háirithe. Le linn an ama seo tharla athruithe móra déimeagrafacha chomh maith, mar aon le fás suntasach geilleagrach agus dá bharr cuireadh le hionchas an phobail i leith seirbhísí poiblí. Le linn an ama seo chomh maith léiríodh dul chun cinn mór i gcúrsaí sláinte an duine i gcoitinne agus in ionchas saoil. Chun gur féidir linn seirbhís sláinte den chéad scoth a sholáthar caithfear an-chuid dúshlán a shárú.

- Idir na blianta 1996 agus 2006, ba í Éire an tír ba mhó fás daonra san AE le thart ar an ráta 17%
- Le deich mbliana anuas, ar an meán, tá líon na mbreitheanna méadaithe de mhíle breith sa bhliain. Rugadh 70,000 leanbh sa bhliain 2007.
- Ar fud an AE ar fad, is í Éire an tír ina bhfuil an chomhréir is mó leanaí sa daonra go fóill, a chiallaíonn gur gá féachaint ar sholáthar seirbhísí chúram leanaí.
- Tá 11% den daonra iomlán scothaosta. Tomhaistear go mbeidh líon na ndaoine thar aois 65 sa bhliain 2011 ag ráta 16%, ag ardú arís go ráta 40% sa bhliain 2016. De bharr go mbeidh an daonra ag i méid, agus de bharr go mbeidh níos mó daoine scothaosta ann, beidh éileamh níos mó ar an tseirbhís sláinte anois agus amach anseo. Dúshlán mór eile dúinn ná cinnte a dhéanamh de go mbaineann na daoine seo taitneamh as blianta déanacha an tsaoil, ar an mbealach is folláine agus is saoire ó mhíchumas agus is féidir.

Ár nDaoine

Príomhghné den éileamh a bheidh ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta do na bliana atá le teacht ná struchtúr an daonra, agus faoi mar a thiocfaidh athrú air. Roinnt buncheisteanna iad seo a leanas maidir le déimeagrafaíocht.

- Faoi láthair, tá ár ndaonra ag an bpointe is airde ón mbliain 1864. Tá 4,339,000 duine ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann (méadú 10.8% le cúig bliana anuas). Ceaptar go mbeidh breis is cúig mhilliún duine anseo sa bhliain 2025.

Stádas Sláinte ár nDaonra

Leanfaimid orainn ag iarraidh **Sláinte agus Folláine** an daonra a fheabhsú. Chun an cuspóir seo a chur i gcrích, caithfear díriú go leanúnach ar conas soláthar seirbhíse a dhéanamh comhtháite agus tairbhe shóisialta a bhaint amach. Tá fachtóirí eile nach bhfuil smacht againn orthu a bhfuil tionchar acu ar stádas sláinte an daonra agus caithfear iad a chur i gcuntas. Glactar leis go hidirnáisiúnta gurb iad na deitéarmanaint is fairsinge is mó a mbeidh tionchar acu ar chúrsaí sláinte.

Roinnt príomh-mhórcheisteanna faoi stádas sláinte ná:

- Tá an ráta báis in Éirinn ag titim go seasta. Sa bhliain 2006 ba ghalair imshruthaithe a chúisigh díreach os cionn trian de na básanna, ailse a chúisigh 29% de na básanna go léir 14% de bharr galair riospráide, agus básanna de bharr gortaithe agus nimhithe, básanna ar na bóthair san áireamh, a chúisigh 5% d'iomlán na mbásanna
- Sa bhliain 2005, ba é 81.8 bliain d'aois ionchas saoil do mhná na hÉireann agus 77.1 bliana d'aois d'fhir na hÉireann..
- Tuairiscítear go bhfuil 394,000 duine in Éirinn atá ag fulaingt galair fhadtéarmacha agus atá faoi mhíchumas
 - Tá 58% de na daoine atá faoi mhíchumas thar aois 50, agus
 - Maireann tuairim is trian de na daoine atá 65 bliana d'aois atá faoi mhíchumas, ina n-aonar.
- Timpeall an domhain, tá minicíocht agus méid na ngalar ainsealach ag méadú; galair amhail diaibéiteas, cliseadh croí, galair duán, roinnt ailsí, galar ainsealach bacúil scamhógach, néaltrú, plúchadh, airtríteas agus réimse mór d'fhadhbanna néarógacha. Téann minicíocht na ngalar seo i méid nuair a théann daoine in aois agus níos mó ná galar ainsealach amháin ar an-chuid daoine scothaosta.
- Ós rud é gur éirigh leis an gcóireáil ar ghalair a bhíodh marfach tráth, amhail galar croí, galair riospráide agus roinnt ailsí, tá méadú tar éis teacht ar ghalair ainsealacha. Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn i stádas sláinte croí le 15 bliana anuas, de bharr gur tháinig laghdú 40% ar bhásanna de ghalair croí.
- Léiríonn anailís a rinneadh ar Chóras Fiosrúcháin d'Othair Chónaitheacha Ospidéal Éireann (CFOCOE) go nglacann 5% d'othair inmheánacha breis is 35% de na laethanta leaba go léir atá á soláthar d'othair inmheánacha.
- Sa bhliain 2006 sainaithníodh 409 bás mar fhéinmharuithe. Is fadhb mhór í féinghortú toiliúil chomh maith. Feictear 11,000 cás d'fhéinghortú toiliúil i rannóga éigeandála ár n-ospidéal gach bliain.
- Ábhar cúraim dúinn chomh maith ná líon na mbásanna bóthair, go háirithe i measc fir óga idir na haoiseanna 15-24 a bhí páirteach i mbeagnach trian de na saghsanna seo báis sa bhliain 2006.
- Tá ceann de na rátaí is mó úsáide alcóil san AE ag Éirinn. Is ábhar cúraim mór dúinn mí-úsáid alcóil i measc daoine óga in Éirinn.
- Cúisíonn úsáid drugaí neamhcheadaithe fadhbanna sláinte, fadhbanna sóisialta, deacrachtaí clainne agus díothacht eacnamaíoch. Cúisíonn pátrúin de mhéadú ar úsáid drugaí neamhcheadaithe, cócaon go háirithe, gá le seirbhísí a sholáthar i suímh chúraim shláinte phríomhúil faoi chúram foirne ildisciplíneacha.
- Tá fadhb an mhurtaill ag ráta aicíde i measc daoine fásta agus leanaí in Éirinn, agus tá an chuma air go mbeidh fás 1% sa bhliain ar an bhfadhb chéanna. Tá tuairim is 39% de dhaoine fásta Éireannacha róthrom agus 18% murtallach.

2. Príomhdhúshláin Sláinte do 2008-2011 ar lean

Príomhdhúshláin Sláinte

Cé go bhfuil an-chuid dúshlán i ndán do na seirbhísí sláinte, tá tosaíochtaí á ndéanamh de na cinn seo a leanas ó 2008-2011:

- Comhtháthú seirbhísí i ngach gné de speictream na seirbhísí idir chúram príomhúil agus pobail agus chúram ospidéal, chun cinnte a dhéanamh de go bhfaighidh an t-úsáideoir seirbhíse an cúram cuí ag an leibhéal cuí.
- Cosc ar, ghalair ainsealacha agus déileáil leo.
- Cosc aílse ardseirbhísí cóireála a sholáthar.
- Cothú meabhairshláinte agus tacaíocht & idirghabhálacha a sholáthar do dhaoine atá thíos le meabhairghalair.
- Féinchúram othair a chur chun cinn agus eolas a sholáthar d'úsáideoirí na seirbhíse.
- Smacht a choimeád ar ionfhabhtuithe faighte ó chúram sláinte (IFCS).
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas le go mbeidh sé ar a gcumas maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir.
- Caighdeán saoil daoine scothaosta a fheabhsú, tacaíocht a thabhairt dóibh ina dtithe agus ina gcomhphobail agus, nuair nach féidir é sin a dhéanamh, cóiríocht chónaitheach oiriúnach a chur ar fáil dóibh.
- Sláinte agus folláine leanaí agus teaghlach a chothú agus a chaomhnú.

3. Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Réamhrá

Is ar riachtanais an phobail a bunaítear ár dtreo straitéiseach, treo straitéiseach a chuireann roimhe cur le cuspóirí an chéad Plean Corparáideach FSS 2005-2008. Rialaithe ag teoracha beartais Ráiteas Straitéise an RSL 2008-2011 agus an Ráiteas Bliantúil ar Torthaí don Ghrúpa Vótaí Sláinte, léiríonn sé:

- An Straitéis Náisiúnta Sláinte “Cáilíocht agus Cothroime”, aidhmeanna fadtéarmacha do gach céim de fhrámaíocht na saolré in I dTreo 2016, tosaíochtaí Chlár Athraithe FSS agus ár nEochairlimistéir Thorthaí don bhliain 2008, chomh maith le doiciméid straitéiseacha agus beartais a bhaineann le soláthar seirbhíse.

Cuireadh ár bPlean Corparáideach i gcomparáid le córais sláinte idirnáisiúnta eile chun a chinntiú go bhfuilimid ar aon dul le straitéisí cúraim shláinte eile ar fud an domhain. Cuireann ár dtreo straitéiseach friotal ar an treo a ghlacfaidh FSS do na trí bliana atá le teacht, ina gcorpraítear soláthar seirbhíse agus feidhmeanna tacaíochta agus cumasacháin.

Mar aon lenár bPlean Corparáideach, agus ar aon dul leis na haidhmeanna agus cuspóirí a luadh i bPlean Forbartha Náisiúnta Rialtas Éireann, forbraíodh Plean Caipitil do FSS 2008-2013 chun tacú leis an gclár pleanáil seirbhíse do sheirbhíse sláinte na hÉireann. Ba chóir é seo a léamh i gcomhar lenár bPlean Corparáideach. (Beidh an Plean Caipitil ar fáil, i ndiaidh fhaomhadh an Rialtais, ar ár suíomh gréasáin www.hse.ie)

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Sláinte agus Folláine

Féachaimid le cosc a chur ar thinneas; tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine agus a chur ar a gcumas stíleanna maireachtála neamhspleácha sláintiúla fiúntacha a chleachtadh le dóchúlacht tinnis a laghdú. Cinnteoidimid go mbeidh diagnóis luath, cóireáil agus cúram ar fáil, nuair is gá.

Seirbhíse Inbhaunaithe

Cuirfimid cruth nua ar ár seirbhíse féin le seirbhíse ospidéal agus phobail a fhorbairt a chuirfidh cúram ar fáil do dhaoine anois, agus amach anseo. Má dhéanfaimid an cúram cuí den phobal, tabharfaimid an deis do na hospidéal díriú ar insroicteacht a fheabhsú, le gur féidir cúram níos éifeachtúla géire pleanáilte a sholáthar.

Barr Feabhais Oibríochta

Bainfimid barr feabhais oibríochta amach ag baint úsáide as próisis agus córais atá éifeachtach, éasca don lucht seirbhíse a thuiscint, atá bunaithe ar bhonn fianaise agus a thugann luach ar airgead.

Lánacmhainneacht a Chomhlíonadh

Tabharfaimid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann ar fad chun iomlán a gcumas a réadú agus ardchaighdeán cúraim a sholáthar. I gcomhar le chéile, déanfaimid gach ní a chuirfear i gcrích a aithint agus a cheiliúradh agus spreagfaimid an fhoireann le bheith freagrach ina gcuid oibre, dúshláin a láimhseáil agus bheith bródúil as a bhfuil déanta acu thar ceann na heagraíochta.

Ardchaighdeán agus Sábháilteacht

Cinnteoidimid ardchaighdeán agus sábháilteacht inár seirbhíse. Má dhéanaimid cultúr ardchaighdeán agus sábháilteachta a chothú, cinnteoidimid go mbeidh feabhsuithe leanúnacha caighdeán agus sábháilteachta mar thosaíocht i ngach gné dár gcuid oibre.

Iontaobhas agus Muinín

Cuirfimid le hiontaobhas agus muinín an phobail as ár seirbhíse sláinte trí sheirbhíse tráthúla comhtháite gairmiúla inrochtana a chur ar fáil. Déanfaimid níos fusa do dhaoine teacht ar na seirbhíse cuí, san áit chuí, ag an am cuí.

4. Ó Chuspóir Straitéiseach go Soláthar Seirbhíse

Réamhrá

Bunaithe ar na dúshláin agus cuspóirí straitéiseacha a luadh níos luaithe tá sé riachtanach go ndíreodh FSS ar chabhrú le daoine a sláinte a chaomhnú agus go mbeadh sí in ann réimse comhtháite seirbhísí a sholáthar nuair atá gá ag daoine leo. Leagann an Plean seo an treo iomlán síos do theorainn ama 3 bliana. Gach bliain, leagann ár **bPlean Náisiúnta Seirbhíse** síos cad a dhéanfimid agus cad a chuirfimid i gcrích (torthaí agus rudaí insoláthartha) don bhliain leis an bPlean a chomhlíonadh. Tuigimid go dtógfaidh sé níos mó ná trí bliana an fhís fhadtéarmach a bhaint amach; ach i rith réimse an Phlean seo, tá cuspóirí suntasacha ann a chuirfear i gníomh. Beimid ag obair chun:

- Seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a athchóiriú le go mbeidh siad inbhuanaithe. Méadú ar tháirgiúlacht agus éifeachtúlacht, chun na leibhéil seirbhíse atá againn anois a chaomhnú, san áireamh.
- Caighdeán ár seirbhísí a fheabhsú go rianúil, soláthar a fheabhsú agus cúram othar a fheabhsú chomh maith.
- Bainistiú a dhéanamh ar an chothromaíocht idir an moilliú ar fhás eacnamaíoch agus an méadú ar riachtanais agus éilimh maidir le seirbhísí.
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar ár bpróisis bhainistíochta cháilíochta agus riosca.
- Feidhmiúchán na heagraíochta a chaomhnú laistigh den bhuiséad agus Vóta.
- Frámaíocht Phleanála, Monatóireachta, Thomhas Feidhmiúcháin agus Bainistíochta FSS a neartú, agus
- Athruithe eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun uasmhéid éifeachtúlachta a chinntiú i soláthar chúram comhtháite dár n-úsáideoirí seirbhíse.

Cuireann na sé Chuspóir Straitéiseacha againn an fhrámaíocht do na trí bliana a leanas ar fáil:

Sláinte agus Folláine

Rachaimid i ngleic le dúshláin sláinte ár ndaonra chun feabhas a chur ar **Shláinte agus Folláine** an phobail. Ní bheidh feabhas le feiceáil ar iarmhairtí fhorhóir de na riochtaí/tinnis go ceann blianta fada. Coinneoidimid orainn ag díriú ar conas soláthar seirbhíse a chomhtháthú chun sochair na sláinte agus sóisialta.

Seirbhísí Inbhuanaithe

Príomhchuspóir againn ná **Seirbhísí Inbhuanaithe** a chur ar fáil. Caithfimid ár ndícheall a dhéanamh dul i dtreo ardseirbhís sláinte atá níos láidre, níos comhtháite, agus sábháilte. Tá forbairt **léirshamhail chúram sláinte agus sóisialta** d'Éirinn riachtanach. Má dhéanaimid córas comhtháite as an gcóras atá againn anois, is féidir linn bogadh i dtreo caighdeán na seirbhísí a fheabhsú ar bhonn inbhuanaithe. Taispeánann fianaise dea-chleachtas idirnáisiúnta go mba chóir cúram sláinte géarmhíochaine, casta (go háirithe i gcás míochaine éigeandála, seirbhísí casta máinliacha agus seirbhísí práinnchúraim) a sholáthar in ospidéal mhóra ardtoirte. Tá an-chuid fianaise a chuireann in iúl go bhfuil gá soláthar chúram sláinte na hÉireann a athchóiriú, fianaise a deir gur gá athruithe a dhéanamh i struchtúir na n-ospidéal mar atá agus bogadh i dtreo ardseirbhísí chúram sláinte atá bunaithe sa phobal.

Ag leibhéal eagraíochtúil, an dúshlán is mó atá romhainn ná cé chomh tapa agus is féidir linn líon na ndaoine a bhraitheann ar ospidéal a laghdú agus cé chomh tapa agus is féidir linn cúram a sholáthar i suíomh comhphobail.

Caithfear an bhéim a athrú trí sheirbhís áitiúil chomhtháite fhreagrúil a thógáil, ionas go mbeadh daoine sásta go bhféadfaí formhór a riachtanas sláinte a sholáthar lasmuigh den ospidéal. Nuair a neartaíonn seirbhísí pobalbhunaithe, brisfead na teorainneacha atá idir cúram ospidéil agus

cúram pobail síos. Athróidh ról traidisiúnta an ospidéil chomh maith. Tógfaidh sé am ar an mbunathrú seo dul i bhfeidhm. I ndiaidh shaolré an Plean seo a chuirfead i bhfeidhm é is cinnte. Idir an dá linn, beimid ag díriú ar na teorainneacha a bhogadh chomh luath agus is féidir.

Cad is léirshamhail sláinte agus shóisialta ann?

Forbraíonn léirshamhail sláinte agus cúraim shóisialta seirbhísí leis an úsáideoir ag an ionad agus déanann sé soláthar orthu chomh gar do bhaile an duine agus is féidir. Tá seans níos mó go bhfaighidh othair/claint i seirbhís chomhtháite ardchúram cuí, ag an am cuí, sa suíomh is oiriúnaí ón ngairmí sláinte is oiriúnaí. Tá sé bunaithe ar bhealach seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar a ligeann don fhoireann bheith ar lánchumas scileanna agus cúraim. Cothaíonn sé níos mó freagrachta, trédhearcachta agus luach ar airgead.

Cad a dhéanfar má chuirtear léirshamhail sláinte agus sóisialta i ngníomh?

Rachfar i dtreo galarchoisc agus féinchúraim níos fearr in ionad díriú ar chúram agus ar chóireáil géarmhíochaine – Beidh sé riachtanach tionscnaimh láidre ghalarchoisc, straitéisí cothaithe sláinte agus sláinte daonra, agus forbairt ar fhrámaíocht de bhainistíocht galair ainsealacha a chur i bhfeidhm.

An chothromaíocht cheart idir othar inmheánach, cás lae agus cúram pobalbhunaithe – Athchóiríú ar ár seirbhísí ospidéil agus pobail géarmhíochaine chun an cúram ceart a sholáthar sa suíomh cuí, le go bhfaighfí na torthaí is fearr agus is éifeachtaí ó thaobh costais de. Laistigh de na hospidéal, bainfidh sé an leas is mó as ár n-acmhainní chun tacú le hardchúram, moill ar othair a laghdú agus an úsáid is fearr a bhaint as líon na leapacha.

Seirbhísí níos inrochtana go háitiúil, dírithe ar an othar, in ionad bheith dírithe ar an ospidéal – Beidh gá le breis diagnóisic ó dhochtúirí teaghlach chun gur féidir cóireáil a dhéanamh ar níos mó daoine ina dtithe féin le cabhair na bhFoirne Cúraim Phríomhúil (FCP). Tá sé seo riachtanach le clárú othair gan chúis isteach i gcúram géarmhíochaine a sheachaint, scaoilfead amach níos luaithe daoine agus ligfidh sé do dhaoine fillleadh ar neamhspleáchas.

Feabhas ar iarmhairtí othair – bainfead é seo amach i slite neamhionracha, fad othar a choimeád in ospidéal a ghiorrú, an dainséar go bhfaighfead ionfhabhtú ón ospidéal a laghdú, straitéisí bainistíochta galar agus athchóiríú príomhsheirbhísí m.sh. bunú an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse (CNRA).

Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní agus freagracht níos trédhearcaí – bainfead é seo amach trí chosáin shimplithe d'othair a chur ar fáil, obair foirne ildisciplíneach thar réimse na seirbhísí agus cúinsí, feachtais LAA, cultúr d'fheabhsú feidhmiúcháin a chothú ina bhfuil cúinsí soiléire freagrachta agus cuntasachta, agus feidhmiúchán na heagraíochta ar fad a chur ar aon dul le dea-chleachtais idirnáisiúnta.

4. Ó Chuspóir Straitéiseach go Soláthar Seirbhíse ar lean

Ba é an chéad Phlean Corparáideach an bunús dár treo straitéiseach. Ag cur leis an mbunús seo, tá dul chun cinn mór déanta ó thaobh athchóiriú ár seirbhísí de, go háirithe ó tugadh isteach an tionscnamh athchóirithe mór, An **Clár Athraithe (CA)**, a cuireadh i láthair sa bhliain 2006. Ag baint úsáide as an soitheach athraithe seo, déanfar dul chun cinn in athchóiriú ár seirbhísí sna blianta atá romhainn.

Rinne an CA tosaíochtaí de an-chuid tionscadal mór atheagraithe:

- Tionscadal Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
- Comhlonnú ospidéal phríobháideacha ar láthair ospidéal phoiblí.
- Cóimheas 80:20 Poiblí-Príobháideach a choimeád in ospidéal nuair is cuí.
- Sainionaid a fhorbairt d'ospidéal agus do sheirbhísí saotharlainne.
- An Clár Náisiúnta Rialathe Ailse.
- Conradh nua do lianna comhairleacha curtha i ngníomh.
- Athbhreithniú ar fheidhmeanna conraitheoirí seirbhísí seachtracha, amhail Dochtúirí Teaghlaigh, fiaclóirí agus poitigéirí.
- Níos mó seirbhísí do dhaoine scothaosta curtha ar fáil agus líon agus cáilíocht na láithreacha cúraim a feabhsú.
- Tuilleadh Foirne Cúraim Phríomhúil curtha ar fáil ar aon dul le I dTreo 2016.
- Plean Athraithe an Oirthuaiscirt, agus
- Frámaíocht Pleanála, Monatóireachta, Thomhas Feidhmiúcháin agus Bainistíochta a neartú.

Tá athruithe móra de dhíth ar chroílár na heagraíochta, gach leibhéal agus laistigh dár gcroíphróisis, mar shampla, oibriú foirne comhtháite, cosáin chúraim a fhorbairt agus prótacail a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil roinnt bhuncheisteanna dúshlánacha bainteach le struchtúir agus próisis ann, caithfear leanúint leis an obair laethúil. Gach lá, tá na mílte daoine ag soláthar seirbhísí timpeall na tíre ar fad agus ag baint tairbhe astu. Léirigh suirbhé i measc client, a cuireadh i ngníomh sa bhliain 2007, go raibh 93% d'othair sásta leis an gcúram a fuair siad le linn dóibh bheith san ospidéal.

Inbuanaitheacht Airgeadais

Is gá dúinn smaoineamh níos straitéisí a dhéanamh mar gheall ar conas a dhéanaimid ár seirbhísí a acmhainniú, agus conas ár seirbhísí a chaomhnú. Tuigimid go mbeidh geilleagar na hÉireann, i rith thréimhse an Phlean, níos srianta ná mar a bhí le déanaí. I gcomhar leis an Rialtas, chun uirlis soláthair acmhainní sláinte inbuanaithe a chur i ngníomh, beidh orainn féachaint ar an líon difreálach idir costais fáis agus cistithe, cén luach is féidir a sholáthar trí sprioc a dhéanamh d'iompar dírithe agus conas an bhéim a chur ar tháirgiúlacht a chur chun cinn.

Sainítear Luach ar Airgead (LAA) mar an chothromaíocht cheart idir geilleagar agus éifeachtacht - costais cuíosach íseal, táirgiúlacht ard agus dea-iarmhairtí. Tuigimid go luíonn soláthar LAA le dea-chleachtas agus le réasún. Tá tomhas LAA, go háirithe san earnáil phoiblí áit a bhfuil soláthar luacha níos deacra le tomhais agus le tuairisc a thabhairt air, an-chasta.

I rith na tréimhse 2007-2010, agus ag baint úsáide as frámaíocht LAA, tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos againn a chúisíodh sábháil €500 milliún. Sábháladh €63 milliún sa bhliain 2007 agus €55m do cheithre mhí tosaigh 2008. Baineadh na sábhálaithe seo amach de bharr soláthar éifeachtach agus bainistíocht chonarthaí chomh maith le luach a tairgeadh trí leibhéil níos airde de sheirbhís agus costais níos airde.

Ní faoi fheachtas shábhála costais amháin an LAA. Ós rud é go ndéanaimid seirbhísí a sholáthar, tuigimid go bhfuil cáilíocht agus sábháilteacht níos tábhachtaí ná costais, ach tuigimid go maith freisin go bhfuil teorainn le hacmhainn ár gcistithe. Déanann ár bhfrámaíocht iarracht cothromaíocht a choimeád idir sábháil chostais agus bainteacht, (an bhfuil an rud ceart á dhéanamh againn), feidhmiúchán i dtéarmaí an gheilleagair (an bhfuil na hacmhainní/hionchuir in úsáid go maith), éifeachtacht (an gcuirtear aschuir seirbhísí i ngníomh go costéifeachtach) agus éifeachtúlacht (méid chur i gníomh na gcuspoirí seirbhíse). Ligfidh sé seo dúinn caighdeán níos airde de sholáthar seirbhísí a bhaint amach laistigh de chúinsí teoranta ár n-acmhainní.

I rith réimse an Phlean, déanfar anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil ar fheidhmiúchán ár LAA chun na rudaí seo a leanas a bhaint amach:

– Srianadh Costais

Sábháil chainníochtúil a chur i gcrích i dtéarmaí laghdú costais m.sh. soláthar sábhála.

– Sochair Chainníochtúla

Sábháil a chur i gcrích i dtéarmaí an na dtorthaí céanna a sholáthar gan an méid céanna ionchur m.sh. an tseirbhís chéanna gan an oiread foirne céanna,

nó níos mó aschurtha leis an ionchur céanna m.sh. seirbhísí a fheabhsú leis na costais chéanna.

– Sochar Luachanna

Sábháil cháilíochtúil a dhéanamh i dtéarmaí na dtorthaí céanna, nó torthaí feabhsaithe, a sholáthar ar laghdú ionchurtha, nó ar na ionchur céanna.

– Tagarmharcáil

Caighdeán “thagarmharcála” nó leibhéil acmhainne i gcoibhneasta a sholáthar don daonra agus a riachtanais a chur i gcomparáid leis na leibhéil foirne agus chistithe atá ann faoi láthair.

Tá páirt thábhachtach ag Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte (MTS) i gcur i gcrích LAA, ós rud é go gcuireann sé in iúl dúinn cad iad na teicneolaíochtaí a thabharfaidh na torthaí is fearr leis na acmhainní atá ar fáil. Cuirfidh UFCS treoirínte ar fáil do FSS chun MTS a reáchtáil chun an seans is fearr a thabhairt dúinn an t-uasmhéid sábhála a bhaint amach.

Barr Feabhais Oibríochta

De bhreis ar ár soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a phleanáil, tríd ár socruithe seirbhísí oibríochta, tá páirt agus feidhm ár Seirbhísí Tacaíochta fóorthábhachtach le go gcuirfimid athruithe agus Barr Feabhais Oibríochta i gcrích. Tá ról tábhachtach ag na tacaíochtaí seo chun tacú lenár dtreo straitéiseach, é a mhúnlú agus é a chur i gcrích. Tá ról agus feidhm ár Seirbhísí Tacaíochta ag síorfhorbairt agus ag síorathrú. Tá roinnt Clár Athraithe agus tionscadal claochlaithe, a luafar i gCaibidil 5, bainteach le bonnagar athraithe acmhainní. Cabhróidh forbairt Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide go háirithe le próisis chinnteoireachta ag

4. Ó Chuspóir Straitéiseach go Soláthar Seirbhíse ar lean

túslíne an chúraim. Tá TFC agus córais bhainistíochta sonraí ag éirí níos sofaisticiúla. Caithfimid bheith in ann tairbhe a bhaint as an eolas agus na sonraí tábhachtacha a ghineann agus a bhailíonn sé chun tacú leis na measúnú riachtanais leanúnach, pleanáil seirbhísí agus chun tacú le luacháil a dhéanamh ar ár seirbhísí.

Leanfaimid orainn ag feabhsú an eolais a chuirimid ar fáil don phobal. Tá gá le caighdeáin idirnáisiúnta d'fhaisnéis sláinte ag baint le códú, rangú, téarmaíocht agus ríomhthaifid sláinte. I gcomhar le RSL agus UFCS déanfaimid forbairt ar Fhrámaíocht Faisnéise Sláinte chun go gcuirfear caighdeáin rialachais san áireamh agus eolas a sholáthar mar gheall ar thiomsú, cosaint agus úsáid na sonraí ach a bheith cinnte de go gcoimeádtar slándáil agus rúndacht mar thosaíocht. Tá bainistíocht agus tuiscint éifeachtach ar shonraí tráthúla cruinn ábhartha fíorthábhachtach. Ag obair i gcomhar le an RSL agus an UFCS, tá sé mar ELT againn Tairseach Faisnéise Sláinte agus TFC náisiúnta a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun bheith ar an luas céanna le nuálachtaí teicneolaíochta.

Lánacmhainneacht a Chomhlíonadh

Tá soláthar seirbhísí sláinte ag brath go mór ar acmhainní daonna; is acmhainní fíorthábhachtach iad muintir ár bhfoirne. Tá thart ar 111,500 d'fhoireann CLA á fhostú againn, i réimse mór gairmeacha i suímh/bealaí cliniciúla/neamhchliniciúla. I bpleanáil thodhchaí ár seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta, caithfimid smaoineamh ar cé a bheidh á soláthar agus conas a dhéanfaidh siad iad a sholáthar. Beidh cur i ngníomh ár gcuspóra **Lánacmhainneacht a Chomhlíonadh** lárnach sa chás seo.

Tugann pleanáil lucht oibre deis dúinn réamh-mheas a dhéanamh ar athruithe agus riachtanais fhéideartha san fhórsa oibre, ag tógáil líon agus chumraíocht an fhórsa oibre, éileamh ar sheirbhísí, folúntais, líon na ndaoine atá á n-oiliúint, ganntanas foirne cáilithe, an éifeacht atá ag polasaithe clannchúntacha agus a leithéid sin san áireamh. Leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil pleanáil fórsa oibre mar thosaíocht inár gclár oibre straitéiseach.

Cáilíocht agus Sábháilteacht/Muinín agus Iontaobh

ImpTá feabhsú ar Cháilíocht agus Shábháilteacht na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta agus seans gach baol a laghdú, baoil a bhaineann le cur i gcrích na gcuspóirí a luaitear sa Phlean seo san áireamh, fíorthábhachtach dúinn.

Glactar leis go hidirnáisiúnta go bhfuil cáilíocht seirbhísí ina príomh-bhuncheist ó thaobh soláthar chúraim shláinte de. Is de bharr roinnt eachtraí iomráiteacha áirithe, inar gortaíodh an t-úsáideoir seirbhíse, a tosaíodh ar an obair seo a dhéanamh. Tá seirbhís sláinte na hÉireann ar aon dul leis na seirbhísí sláinte idirnáisiúnta eile agus aithnítear tábhacht na cáilíochta agus na sábháilteachta sa phleanáil, sa soláthar agus san athbhreithniú a déantar ar na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta. Braitheann sé seo ar bhunathrú sa tslí a ndéanaimid seirbhísí a sholáthar, úsáideoirí seirbhíse a chur ag croílár an chórais phleanála, soláthair agus forbartha seirbhíse le cinntiú go ndéanfaimid a rud ceart, gach uair, agus do gach othar. Tábhacht na gcóras agus na bpróiseas a bheith ann le heachtraí a sheachaint, chun athbhreithniú a dhéanamh ar, na heachtraí a tharlaíonn agus foghlaim uathu, agus an

tábhacht sin a aithint chun cur le Muinín agus Iontaoibh an phobal inár seirbhís sláinte.

Táimid tiomanta d'fhorbairt córais atá ar ardchaighdeán, a bhfuil bainistíocht riosca ann, agus go mbeadh an córas sin nasctha sa phróiseas iomlán bainistíochta agus i ngach gné dár n-oibríochtaí. Gnéithe den chóras amhail:

- Polasaí Bainistíochta agus Gnáthamh Tromghortaithe a fhorbairt.
- Caighdeán Cáilíochta agus Bainistíocht Riosca a chur i gníomh – Tá comhlíonadh na riachtanas atá leagtha amach sa chaighdeán lárnach d'fheabhsú feidhmiúcháin i measc na ngníomhartha agus feidhmeanna go léir, agus tá sé lárnach chun freagracht a léiriú in úsáid acmhainní poiblí, agus
 - Uasmhéid ár gcumais oibríochta a shroicheadh ag tabhairt aghaidh ar bhuncheisteanna amhail:
 - Struchtúir, próisis agus gnáthaimh láidre rialachais agus bainistíochta.
 - Gaolta tuairiscithe agus línte freagrachta soiléire.
 - Bainisteoirí ardleibhéil a bheith sna príomhshuímh.
 - Toscaireacht chórais maith.
 - Aitheantas corparáideach láidir ag gach leibhéal den eagraíocht.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí Coimisiún um Shábháilteacht Othar agus Cinntiú Cáilíochta, a bhfuil mar chuspóir aige moltaí soiléire praiticiúla a fhorbairt chun cáilíocht agus sábháilteacht chúram na n-othar a chinntiú laistigh den chóras cúraim shláinte. Déanfaidh siad tograí a fhorbairt ar chóras rialachais don tseirbhís ar fad (sna hearnálacha sláinte poiblí agus príobháideach) bunaithe ar fhreagracht chorparáideach do cháilíocht agus do shábháilteacht na seirbhísí sláinte. Beidh páirt thábhachtach ag foilsiú thuairisc an Choimisiúin, agus na gníomhartha a chúiseoidh sí, i gcabhrú lenár dtreo straitéiseach amach anseo.

5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT)

Chun go mbeimid in ann ár gCuspóirí Corparáideacha a bhaint amach, tá Eochairlimistéir Thorthaí ardleibhéil sainaithe a chuirfear i gcrích, agus roinnt ar a ndéanfar gníomhú, thar na trí bliana atá le teacht. Léiríonn na hEochairthorthaí an éifeacht a bheidh na gníomhartha seo. Tuigtear nach dtabharfaidh an clár trí bliana seo ach roinnt den bhealach muid i dtreo ár gCuspóirí a chur i gcrích. Tá roinnt torthaí ann, go háirithe torthaí sláinte, a ghlacfaidh méid suntasach ama bainistíochta le go bhfeicfear a dtoradh.

Sainíodh Eochairtháscairí Feidhmíochta ionas gur féidir linn dul chun cinn a thomhas. Príomhchuspóir againn ná

Frámaíocht Pleanála, Monatóireachta, Thomhas Feidhmíochta agus Bainistíochta FSS a neartú. I gcomhar leis an RSL, tosaíodh ar phróiseas chun gníomhartha dírithe cruinne a fhorbairt i gcoibhneas lenár gCuspóirí corparáideacha agus oibríochta.

Cuireann **Plean Seirbhíse Náisiúnta (PSN)** bliantúil FSS in iúl “conas” agus “cad é” a chuirfear i gcrích gach bliain – ár bplean gníomhaithe. Déanann sé gníomhartha de na tosaíochtaí againn agus ba chóir go léifí gach bliain é in éineacht leis an bPlean Corparáideach (Ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.hse.ie)

Nóta CA = Clár Athraithe.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

1. Straitéis Sláinte Daonra

Déanfaimid forbairt ar Straitéis Sláinte Daonra agus cuirfimid i gníomh é. Cuirfidh an Straitéis Sláinte Daonra in iúl conas mar a dhíreoimid ar Shláinte Daonra i soláthar sláinte agus seirbhísí sláinte, chun sláinte an phobail iomláin a chothú agus a fheabhsú. (CA 4)

Chun é seo a chur i gcrích déanfaimid:

- Doiciméad frámaíochta a fhorbairt sa straitéis sláinte daonra (Céim 1), agus
- An straitéis a chur i gcrích i gCéim 2.

2. Cothú Sláinte

Ag cur leis an bhforás seo, déanfaimid cláir chothaithe sláinte a fhorbairt agus a chur i gníomh, i roinnt suíomh éagsúil i gcomhar le príomhghníomhaireachtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha. Beidh FSS réamhghníomhach i bpolasaí sláinte comhtháite poiblí a cheapadh i gcomhar leis an RSL, Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí reachtúla agus an earnáil phobail agus dheonach.

Chun é seo a bhaint amach déanfaimid:

- Idirghabhálacha coiscitheacha éifeachtacha a chur ar fáil chun sláinte daoine a chaomhnú, agus
- Oiliúint chothaithe sláinte a chur ar fáil don eagraíocht ar fad agus do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla nuair is gá.

3. Cosaint Sláinte

Déanfaimid faireachas géar, bainistiú ceart agus smacht a choimeád ar ghalair thógálacha.

Chun é seo a bhaint amach:

- Coinneáil orainn le Clár Náisiúnta Imdhíonta/Vacsáinthe a sholáthar.
- Faireachas a dhéanamh ar galair thógálacha ar aon dul le reachtaíocht ghalair thógálacha.
- Smacht a choimeád, agus bainistiú a dhéanamh ar mhinicíocht ghalair thógálach, agus Díriú ar fheachtais áirithe lonfhabhtaithe faighte faoi Chúram Sláinte (IFCS). (ELT 08)

4. Tacaíocht d'Fhéinbhainistíocht Othar

Cruthóimid córais faisnéise agus tacaíocht féinbhainistíochta d'othair, go háirithe do na daoine a bhfuil galair ainsealacha nó fhadtéarmacha orthu.

Chun é seo a bhaint amach:

- Cruthóimid frámaíocht chun tacú le féinbhainistíú othar.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an oideachas atá ar fáil anois d'othair agus na seirbhísí tacaíochta do ghalair ainsealacha, agus
- Clár comhtháite do thacaíocht féinbhainistíochta a chur ar fáil.

5. Diagnóis Luath

Déanfaimid forbairt ar sheirbhísí chun an seans a thabhairt d'othair diagnóis luath a fháil ar ghalair, ar aon dul le dea-chleachtais míochaine agus a chinntiú go gcuirtear na torthaí in iúl go cruinn.

Chun é seo a chur i gcrích caithfimid:

- Cabhrú le Dochtúirí Teaghlaigh agus foirne ildisciplíneacha i gcás diagnóis luath/ seirbhísí coisctheacha a sholáthar trí leanúint le forbairt na bhFoirne Cúraim Phríomhúil (FCP), ag díriú ar riachtanais iomlánacha daonraí discréideacha, agus
- Frámaíocht chonarthach chomhaontaithe a chur ar fáil do GMS agus do sheirbhísí pobalchistithe ina bhfuil Dochtúirí Teaghlaigh agus gairmithe cúraim phríomhúil.

6. Éagothroime Sláinte

Laghdóimid éagothroime sláinte trí chur chuige sláinte daonra a úsáid maidir le feabhsú sláinte agus soláthar seirbhísí sláinte.

Chun é seo a bhaint amach beidh orainn:

- Frámaíocht éagothroime sláinte a fhorbairt agus a chur i ngníomh
- Leanúint orainn ag bailiú, agus ag déanamh anailíse ar shonraí socheacnamaíochta d'úsáideoirí seirbhíse chun bheith níos dírithe maidir le soláthar agus forbairt seirbhísí chun éagothroime sláinte a laghdú
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na seirbhísí agus an t-eolas a cuirtear ar fáil don phobal ar chaighdeán náisiúnta litearthachta
- Tosaíocht a dhéanamh d'fhorbairt an chúraim phríomhúil in áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste, agus
- Ról ceannaireachta agus tacaíochta a ghlacadh le cinntiú go ndéanann earnálacha eile, a bhfuil tionchar níos dírithe acu ar deitéarmanaint sláinte, dianmhachnach ar thionchar a bpolasaithe ar stádas sláinte an daonra.

7. Pleanáil Éigeandála

I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, cinnteoimid go bhfuil pleananna oiriúnacha ann do gach saghas éigeandála amhail tuillte, anachana staidiamaí, suaite cathartha, tinte, ionsaithe sceimhlitheoirí, timpistí iompair agus éigeandálaí sláinte poiblí amhail fliú paindéimeach.

Chun é seo a bhaint amach beidh orainn:

- Pleananna a fhorbairt agus a thástáil (trí úsáid a bhaint as chleachtaí ionsamhailte) ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil don fliú paindéimeach agus éigeandálaí móra eile.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Má dhéantar méadú ar chlúdach imdhíonta/vacsáinthe feabhsófar iarmhairtí sláinte i measc an daonra óig agus scothaosta. De réir na fianaise, beidh tionchar mór ag sláinte agus forbairt leanaí óga ar na hiarmhairtí sláinte a bhainfear amach dóibh agus iad ina ndaoine fásta. (iontógáil na vacsaíne fliú ag 75% sa bhliain 2010; 95% d'iontógáil vacsaíne fliú i measc leanaí sa bhliain 2010).
- Cinnteoidh forbairt agus tástáil ar fhlíú paindéimeach agus pleananna éigeandála eile go ndéanfar láimhseáil cheart ar riocht éigeandála agus go laghdófar an baol
- Daonra níos sláintiúla agus laghdú ar éagothroime sláinte
- Feabhsú ar bhainistíocht ghalair ainsealacha trí mheán féinbhainistíocht othar, agus
- Má dhéantar feabhsú ar thráthúlacht diangóise beidh teacht níos tapúla ar chóireáil agus seans níos fearr ann iarmhairt shásúil a bhaint amach.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Leitheadúlacht chaite tobac
- Tionscnaimh bheathaithe chíce
- Iontógáil vacsaíne fliú
- Iontógáil vacsaíne i measc leanaí, agus
- Minicíocht ghalair theagmhálacha inchoiscthe trí vacsaíniú.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

8. Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnach a chumrú leis na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí a bhaint amach.

Déanfaimid athchumrú ar ár n-acmhainní chun réimse suntasach de sheirbhísí cliant a sholáthar i measc pobail áitiúla. Cuirfimid seirbhísí ar fáil chomh gar agus is féidir do thithe na ndaoine, in éineacht le hardchailgeáin sábháilteachta a chaomhnú. Cuirfear an bhéim ar sholáthar áitiúil agus déanfaidh foirne ildisciplíneacha áitiúla agus seirbhísí diagnóise áitiúla an soláthar a chomhlíonadh.

(CA 2 agus CA3A)

Chun é seo a bhaint amach beidh orainn:

- Tacú leis an Straitéis Cúraim Phríomhúil a chur i ngníomh i gcomhar leis an RSL agus páirtithe leasmhara eile.

- Bunú Foirne (agus Líonraí) Cúraim Phríomhúil (FCP) a chur chun cinn trí athchumrú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann cheana féin agus earcú a dhéanamh ar chrainn taca tacaíochta breise (ELT 08).
- Cabhrú le forbairt chomharchumainn iar-ama DT go dtí go mbeidh siad ar fáil don phobal go léir.
- Córais a chur i bhfeidhm chun tacú le galarchosc agus diagnóis luath, trí rochtain mhéadaithe a fháil ar dhiagnósieachtaí.
- Dul chun cinn sa Chlár Nuachóirithe Scéimeanna, agus
- Frámaíocht chonarthaigh nua a shocrú don GMS agus seirbhísí pobal-chistithe eile ar nós DT agus gairmithe cúraim phríomhúil.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí, le foireann ildisciplíneach áitiúil ag soláthar réimse iomlán de sheirbhísí do phobal ar leith go díreach.
- Rochtain fheabhsaithe ar DT iar-ama, agus
- Athrú ar sholáthar seirbhísí ón gcóras ospidéal go córas cúraim phríomhúil.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Céatadán den phobal a bhfuil teacht acu ar sheirbhís phráinneach struchtúrtha DT iar-ama.
- Líon na FCP atá ann, agus
- Meán-am idir iarratais a chur isteach chun cárta liachta a fháil, agus a dheonú.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

9. Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Déanfaimid forbairt ar sheirbhísí do dhaoine scothaosta chun tacú leo maireachtáil ina mbailte féin go neamhspleách don méid ama agus is féidir, nó nuair nach féidir sin, i gceantair chónaithe oiriúnacha. Seasfaimid ar son prionsabail chomhpháirtíochta, ar son an duine dhaonna agus ar son cumachachtaithe d'úsáideoirí na seirbhíse. Cuirfear seirbhísí mar leanúntas, ó sheirbhísí sa bhaile agus sa phobal go hardchúram ospidéal agus ardchúram chónaithe nuair is gá.

Chun é seo a bhaint amach déanfaimid:

- Seirbhísí agus tacaíochtaí baile agus pobail a sholáthar amhail seirbhísí cúntóra baile agus pacáistí cúraim bhaile, seirbhísí lae agus sciath-thithíochta, in éineacht le croísheirbhísí pobail atá dírithe ar chabhrú le daoine scothaosta ina dtithe féin.
- I gcomhar leis an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) agus an RSL, “Deis cóir” a chur i bhfeidhm - scéim nua tacaíochta do thithe altranais.
- Tuilleadh cuir i ngníomh maidir le frámaíocht cháilíocht chaighdeán, le hullmhú don chlárú leis an UFCS.
- Cláir bhreise de leapacha cónaithe fadtéarmacha a chur i bhfeidhm.
- Dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an Oifig nua a bunaíodh, Oifig do na Daoine Scothaosta, RSL.
- Dualgais a chomhlíonadh faoi Acht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006, agus
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhoirne, a bhfuil gearriatraithe mar cheannaire orthu, sa phobal chun riachtanais dhaoine scothaosta a shásamh.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Go mbeidh teacht ag daoine scothaosta ar sheirbhísí atá bunaithe sa phobal, ar measadh go raibh gá acu leo, ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir.
- Go mbeidh teacht ag daoine scothaosta ar ardchúram cónaithe nuair is gá, agus nach mbeidh níos mó ná 4% den daonra thar aois 65 i gcúram cónaithe, agus
- Go ndéantar seirbhísí do dhaoine scothaosta a sholáthar i dtimpeallacht chothromasach.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Uimhir agus céatadán den daonra atá faoi chúram cónaithe
- Uimhir agus céatadán den daonra ar a bhfuil seirbhísí pobail á soláthar, agus
- Uimhir, nó nuair atá sé oiriúnach, cóimheasa d'urscaoiltí cúram-íogair ar bhonn reachta as otharcharranna d'othair thar aois 65, (Nóta: Is ionann urscaoiltí cúram-íogair ar bhonn reachta as otharcharranna agus cásanna d'ospidéalú othar ar chóir a sheachaint trí chúram a thabhairt don othar san otharcharr).

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

10. Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí archaighdeán beatha a chothú dár n-othair agus a dteaghligh, nuair nach bhfuil na galair atá orthu freagrúil don chóireáil. I gcomhar leis an earnáil dheonach, cuirfidimid seirbhísí ar fáil thar réimse mór socruithe: ospidéal ghéarmhíochaine, sainchúram maolaitheach, aonaid othair chónaitheacha, cúram lae, agus tacaíochtaí bunaithe sa phobal amhail leibhéal idirmheánach de chúram ar othair chónaitheacha in ospidéal phobail/ceantair agus tacaíochtaí méala.

Chun é seo a bhaint amach déanfaimid:

- Moltaí a luadh i dTuarascáil an Choiste Náisiúnta Comhairleach um Chúram Maolaitheach 2001 agus Staidéir Bhunlíne 2005 agus 2007 a chur chun cinn.
- Measúnacht Riachtanas Náisiúnta a dhéanamh i 2008 agus cinnte a dhéanamh de go ndéantar athbhreithniú agus iniúchadh air seo i gcomhar leis an RSL agus páirtithe leasmhara eile.
- Plean Chur i nGníomh a fhorbairt do na blianta 2009-2013.
- An fhorbairt ar sainsheirbhísí cúraim mhaolaithigh d'othair chónaitheacha a chur chun cinn; sainseirbhísí sa phobal/cúram baile; sainchúram in ospidéal ghinearálta géarmhíochaine ar aon dul le an bPlean Náisiúnta um Chúram Maolaitheach (nuair a chríochofar é).
- Cosán Cúraim Chomhtháite a leagan amach do shainseirbhísí maolaitheacha, agus
- Íostacar sonraí a chur i bhfeidhm do chúram maolaitheach ar bhonn náisiúnta.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Cuirfear ardchúram agus an chóireáil tacaíochta chuí ar fáil d'othair/do chliant atá ag teacht go deireadh a saol, ionas go mbeidh siad in ann bás fháil le dínit, gan phian agus in pé suíomh is dúil dóibh.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Líon na ndaoine atá ag baint úsáide as seirbhísí cúraim mhaolaithigh.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

11. Seirbhísí Meabhairshláinte

Déanfaimid meabhairshláinte a chothú agus beimid ag obair i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc chun leibhéal fhéinmharuithe agus féinghortuithe toiliúla a laghdú. Cuirfimid seirbhísí ar fáil a bhfuil béim iontu bheith i gcomhpháirtíocht le daoine a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte acu, a dteaghlaih, a gcúramóirí, agus grúpaí reachtúla, neamhreachtúla, deonacha agus grúpaí pobail atá bunaithe sa phobal.

Beidh Seirbhísí Meabhairshláinte ar fáil do gach céim beatha ar nós seirbhísí do leanaí agus ógánaigh, daoine fásta agus scothaosta chomh maith le seirbhísí athshlánaithe, idirchaidrimh agus seirbhísí síciatracha fóiréinseacha.

Chun é seo a bhaint amach:

- Leanfaimid orainn le moltaí “Fís don Athrú” a chur chun cinn (*ELT 08*).
- Déanfaimid íostacar sonraí d’eochairtháscairí feidhmíochta do na seirbhísí meabhairshláinte.
- Cuirfimid moltaí “Lámhchuidithe”-Straitéis Náisiúnta do Ghníomhaíocht Faoi Chosc Féinmharaithe – i ngníomh.
- Freagróimid athbhreithniú na RSL ar an Acht Meabhairshláinte 2001.
- Obair idir-rannach a chothú chun buntacú le léirshamhail chomhtháite de sholáthar seirbhíse meabhairshláinte a chur ar fáil m.sh. dlúthchaidreamh leis an Oifig um Míchumas agus Meabhairshláinte, RSL.
- Forbairt bhonneagair fhisicigh a chur chun cinn ionas gur féidir buntacú le fairsingiú na seirbhísí meabhairshláinte pobail, agus
- Forbairt a dhéanamh ar Ospidéal Lárnach Mearbhaill nua.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Go mbeidh teacht ag na daoine a bhfuil gá acu le tacaíocht chun a meabhairshláinte a chothú ar sheirbhísí a fhreastalaíonn ar a riachtanais i gcomhthéacs cuí.
- Laghdú ar líon na ndaoine a cuirtear is teach in ospidéal shíciatracha agus socrúchán ceart ar chónaitheoirí sa phobal, agus
- Líon na bhféinmharuithe a laghdú trí laghdú 10% ar fhéinmharuithe sa bhliain 2010 agus laghdú 5% ar fhéinghortú leantach sa bhliain 2010, agus laghdú 5% eile ar fhéinghortú leantach sa bhliain 2016.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Ráta Féinmharaithe
- An meánfhad a fhanntar in áiseanna d’othair chónaitheach
- Géar-rátaí glactha le hothair chónaitheacha amhail iontráil den chéad uair agus iontráil leantach, agus
- Tréimhse feithimh don mheasúnacht agus don chóireáil Foirne Meabhairshláinte Pobail d’Ógánaigh.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

12. Seirbhísí Míchumais

Cabhróimid le daoine faoi mhíchumas chun a gcumas iomlán a bhaint amach agus a neamhspleáchas a uasmhéadú, lena n-áirítear maireachtáil ar bhealach chomh neamhspleách agus is féidir. Oibreoidimid le gach gníomhaireacht, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, reachtúla agus deonacha, chun cur i ngníomh iomlán na Straitéise Náisiúnta Míchumais (2004) tras-earnála a bhaint amach.

I dtreo seo, déanfaimid na rudaí seo leanas:

- Dul chun cinn ar fhorfheidhmiú maidir le Reachtaíocht Chomhionannais, an tAcht Náisiúnta um Míchumas 2005 agus Acht EPSEN 2004 mar a bhaineann siad le sláinte.
- Dul chun cinn ar fhorbairt na seirbhísí pobalbhunaithe, faoisimh agus socrúchán lae de réir an Cláir Infheistíochta Ilbhliantúil 2006 – 2009.
- Forfheidhmiú mholtaí an ghrúpa oibre ar chomhshuíomh a thosú.
- Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh mholtaí an hathbheithnithe náisiúnta ar sheirbhísí lae do dhaoine fásta arna mhaoiniú ag FSS.
- An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachta agus an Bunachar Sonraí Náisiúnta Fisiceacha agus Braiteachta a athchóiriú agus a fheabhsú.
- Dul chun cinn ar oiliúint ar Fheasacht Míchumais.
- Ospidéal Athshlánúcháin Náisiúnta nua a sholáthar, agus
- Ullmhú do chlárú na n-áiseanna agus forfheidhmiú na gcaighdeán maidir le seachadadh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Bainfidh daoine faoi mhíchumais a gcumas iomlán amach agus uasmhéadóidh siad a neamhspleáchas, lena n-áirítear maireachtáil ar bhealach chomh neamhspleách agus is féidir, agus
- Feabhsúcháin i gcúram cónaithe.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Cloí le hamfrámaí do mheasúnachtaí críochnaithe mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas agus a bhaineann le gach aoisghrúpa .i. faoi 5 bl., 5-18 bl., agus daoine fásta.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

13. Leanaí agus Teaghlaigh

I gcomhpháirtíocht le raon de ghrúpaí reachtúla, neamhreachtúla, deonacha agus pobail déanfaimid sláinte agus leas leanaí agus a dteaghlaigh, go háirithe iad sin atá i bpríacal mí-úsáide agus faille, a chur chun cinn agus a chosaint. Agus muid ag soláthar seirbhísí, féachfaimid le ceart leanaí iad féin a chur in iúl go saor maidir le cúrsaí a bhaineann leo a chumasú; forbróimid ár seirbhísí ar bhonn taighde agus an chleachtais is fearr; cuirfimid béim ar chosc agus idirghabháil luath.

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Oibreoidimid go dlúth le hOifig an Aire Leanaí (OAL) i gcur i bhfeidhm an Chláir Oibre do Sheirbhísí Leanaí agus tionscnaimh eile.
- Déanfaimid dul chun cinn ar fhorbairt seirbhísí uchtaithe de réir reachtaíocht agus polasaí náisiúnta.
- Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt tionscnaimh tacaíochta teaghlaigh ar bhonn measúnachta riachtanais fianaisebhunaithe.
- Bunóimid tuilleadh seirbhísí Cúraim Altrama Cóireála do leanaí le hiompraíocht dhúshlánach laistigh de na leibhéil seirbhíse atá ann.
- Soláthróimid Iniúchtaí láidre ar Sheirbhísí Réamhscoile.
- Cuirfimid seirbhísí éifeachtacha pobalbhunaithe ar fáil do leanaí dealaithe atá ag lorg tearmainn a fhorbraítear mar pháirt chomhtháite de sheirbhísí Cúraim Mhalartaigh FSS.
- Déanfaimid athbhreithniú ar an bhfhorfheidhmiú atá á dhéanamh ag FSS ar na Caighdeáin Náisiúnta do Chúram Altrama chun caighdeáin arda de sholáthar sheirbhíse a chinntiú.
- Feabhsóimid leathanach gréasáin sheirbhísí Idirlín FSS do Leanaí agus Teaghlaigh chun rochtain réidh a chinntiú ar eolas an phobail maidir le gach seirbhís, agus
- Déanfaimid dul chun cinn ar fhorfheidhmiú phróisis chaighdeánaithe gnó do mheasúnachtaí cosanta leanaí mar pháirt d'fheidhmiú céimneach an chórais Faisnéise Cúraim Linbh.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Seirbhísí agus tacaíochtaí comhordaithe agus comhtháite feabhsaithe do leanaí agus a dteaghlaigh.
- Éistear le tuairimí leanaí agus daoine óga ar chúrsaí a bhaineann leo agus tugtar faoi bhráid iad, agus
- Tuiscint níos fearr ar shaincheistean na leanaí.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Rátaí iontrálacha ar chúram cónaithe do leanaí faoi 12.
- Líon agus céatadán na leanaí faoi chúram le plan cúraim i bhfeidhm, agus
- Líon agus céatadán na réamhscoileanna a fhaigheann iniúchtaí.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

14. Cuimsiú Sóisialta

Feabhsóimid rochtain ar sheirbhísí sláinte príomhshrutha agus spriocdhírthe, tabharfaimid aghaidh ar neamhionannais i sláinte idir grúpaí sóisialta agus feabhsóimid rannpháirtíocht agus baint ghrúpaí atá eisiata go sóisialta agus phobail áitiúla le planáil, dearadh, seachadadh, monatóireacht agus measúnacht seirbhísí sláinte. Soláthraítear seirbhísí i gcomhpháirtíocht le húsáideoirí seirbhísí agus raon de ghrúpaí reachtúla, neamhreachtúla, deonacha agus pobail.

Tá siad seo leanas laistigh de théarmaí tagartha sheirbhísí Cuimsithe Shóisialta FSS; seirbhísí do dhaoine gan dídean, seirbhísí do phobail eitneacha mhionlaigh, seirbhísí sláinte don Lucht Taistil, seirbhísí drugaí agus alcóil, seirbhísí do phobail leispiacha, aeracha, dhéghnéasacha, thrasghnéasacha agus thras-inscne, seirbhísí leasa phobail, forbairt pobail, Cláir RAPID agus CLÁR, agus seirbhísí VEID / ionfhabhtú gnéas-tarchurtha.

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo leanas:

- Déanfaimid dul chun cinn ar fhorfheidhmiú mholtaí Thuarascáil an nGasra Oibre ar Athshlánú ó Dhruaí 2007.
- Soláthróimid Clár Náisiúnta Oiliúna ar Andúil.
- Déanfaimid dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Idirchultúrtha agus forbróimid táscairí

feidhmíochta chun tacú le haithint dhul chun cinn FSS i bhfeidhmiú céimneach na straitéise.

- Déanfaimid dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta do Dhaoine gan Dídean 2008.
- Críochnóimid an Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte an Lucht Taistil.
- Déanfaimid Cláir RAPID agus CLÁR FSS a luathú.
- Forbróimid straitéis FSS maidir le soláthar seirbhísí do phobail leispiacha, aeracha, dhéghnéasacha, thrasghnéasacha agus thras-inscne.
- Tabharfaimid tacaíocht d'Fhoirne Cúraim Phríomhúil agus Líonraí Cúraim Shóisialta i seachadadh seirbhísí chuig na spriocghrúpaí Cuimsithe Sóisialta, agus
 - Tabharfaimid tacaíocht d'fhorfheidhmiú Chroífheidhmeanna Thuarascáil na Seirbhíse Sláinte lena n-áirítear:
 - Scéimeanna Tacaíochta Ioncaim agus Cothabhála sa bhreis ar acmhainní gaolmhara le haistriú go dtí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
 - Scéim Chúnamh Tithíochta Speisialta do Dhaoine Scothaosta le haistriú go dtí an Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil, agus
 - Scéim Shochar Cóireála le haistriú ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go dtí FSS.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí FSS do ghrúpaí agus do phobail atá eisiata go sóisialta.
- Seirbhísí comhtháite gan uaim do na spriocghrúpaí Cuimsithe Shóisialta atá ar fáil, agus
- Pobail áitiúla, úsáideoirí sheirbhíse agus grúpaí deonacha agus pobail a bhfuil baint acu le dearadh agus seachadadh seirbhísí.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Líon agus céatadán na mí-úsáideoirí substaintí a thosaigh ar chóireáil le mí féilire anuas.
 - Líon agus céatadán na soláthraithe géarchúraim, lena n-áirítear soláthraithe deonacha, ospidéal, aonaid ghéarchúraim mheabhairshláinte / ospidéal shíciatracha
 - Líon agus céatadán na nOifigeach Sláinte Áitiúil a fheidhmíonn seirbhís fhoirmiúil Tacaíocht Fágála agus larchúraim do dhaoine óga ag fágáil cúraim.
- a fheidhmíonn polasaí scaoilte foirmiúil do dhaoine gan dídean, agus

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

15. An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (CNRA)

Déanfaimid an bealach ina n-eagraítear, ina bhforbraítear agus ina seachadtar seirbhísí ailse a chlaochlú. (*KRA 08*)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo leanas:

Dearadh na heagraíochta: Dearadh struchtúr cláir an CNRA laistigh de struchtúr FSS agus déanfar dul chun cinn air laistigh de chomh maith:

- Feabhsófar suíomh an CNRA laistigh de struchtúr FSS.
- Forbrófar struchtúr Feidhmiúcháin don CNRA, agus
- Seachadfar ar eochairbhaill foirne cláir, lena n-áirítear eochaircheapacháin chliniciúla.

Forbairt Ionaid Tiomnaithe Speisialaithe Ailse: Seachadfaidh an clár ar an aistriú de sheirbhísí go 8 n-ionad tiomnaithe ailse i 4 líonra bainistithe rialaithe ailse:

- Seachadadh ar stad mháinliacht íseal-toirte lasmuigh de na 8 n-ionad.
- Na leithdháiltí do 2008 agus 2009 a bhainistiú chun go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin chúraim do sheirbhísí cíche.
- Straitéis a fhorbairt le hOifig Náisiúnta na nOspidéal do haistriú acmhainní ailse go dtí na 8 n-ionad, agus

- Ionaid Náisiúnta a fhorbairt do na hailsí íseal-toirte atá níos teirce.

Plean Eatramhach 2 Bhliain: Déanfaidh an clár seirbhísí a bhainistiú go ceann dhá bhliain agus rachaidh sé isteach i 2010 le plean forbartha agus cothabhála nua:

- Forbrófar plean straitéiseach do tar éis dheireadh na bliana 2009 le haghaidh fhorbairt agus sheachadadh leanúnach na seirbhísí ailse, agus
- Leanfar ar aghaidh leis na dlúthcheangail leis an tSeirbhís Náisiúnta Ailse-Scrúdaithe (SNAS), an Chlárlann Náisiúnta Ailse (CNA), agus Cuibhreas na nAilse Uile-Éireann (CAUÉ).

Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta (PNOR): Déanfaidh an PNOR, laistigh de struchtúr an CNRA, dul chun cinn ar fhorbairt 4 mhóronad agus 2 ionad chuimsithe shatailíte:

- Forbrófar an clár Caipitil do 2010 chun inniúlacht a chur i réigiúin Bhaile Átha Cliath d'oinceolaíocht radaíochta agus cuirfear i bhfeidhm é.
- Forbrófar an Plean Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (CPPP) do 6 mhórfhorbairt oinceolaíochta radaíochta ar 6 cinn de shuímh na n-ionad ailse chun réiteach iomlán a chur ar fáil do riachtanais an daonra faoi 2014.

- Forbrófar agus seachadfar caighdeáin náisiúnta, treoirlínte agus prótacail d'oinceolaíocht radaíochta, agus
- Forbrófar tacar sonraí náisiúnta leis an CNA d'oinceolaíocht radaíochta.

TFC: Forbair ar infreastruchtúr ardleibhéil TFC mar Líonra Náisiúnta Oinceolaíochta:

- Forbrófar straitéisí do bhainistiú galair laistigh den struchtúr TFC dírithe ar sheachadadh Chórais Náisiúnta Bainistíochta Oinceolaíochta.

- Forbrófar aitheantóir comónta oinceolaíochta, ceangailte leis an tionscadal Innéacs Náisiúnta Chliaint, agus
- Forbrófar tacair shonraí le haghaidh bailiúcháin gach gníomhaíochta agus gach toraidh ag baint le hailse.

An tSeirbhís Náisiúnta Ailse-Scrúdaithe agus an Chlárlann Náisiúnta Ailse: Oibreoimid leis an dá eagraíocht leis an aidhm an SNAS agus an CNA a chomhchuimsiú i FSS faoin CNRA.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Brath níos luaithe, cóireála feabhsaithe agus rátaí forleathana coibhneasta marthanais méadaithe d'othair le hailse.
- Caighdeáin náisiúnta do Theiripí Máinliachta agus Oinceolaíochta curtha i bhfeidhm.
- I gcomhar leis an CNA, beidh tacair shonraí náisiúnta ar fáil a chinnteoidh monatóireacht níos beaichte.
- Cinnteoidh an t-aistriú go máinliacht a rdtoirte torthaí agus rátaí marthanais feabhsaithe, agus
- Forfheidhmiú chlár éifeachtacha ailse-scrúdaithe, i gcomhar leis an SNAS.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Céim chur i láthair ailsí cíche, calaireicteach agus scamhóige agus
- Forbairt ar sheach-tháscairí torthaí an CNRA.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

16. Athchumrú ár gCórais Ospidéal Ghéarmhíochaine

Ag aithint go dtógfaidh mór-athchóiriú sheirbhísí géarmhíochaine níos mó ná trí bliana, le linn amfráma an Phlean seo cuirfimid tús leis an bpróiseas maidir lenár n-ospidéal a athchumrú go líonraí cliniúla ag freastal ar dhaonraí de 350,000 go 500,000, rud a chumasóidh neamhthuilleamaíocht do gach seirbhís cúraim tánaisteach don daonra sin. (CA 3 agus 3A)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo leanas:

- **Seirbhísí géarchúraim** a atheagrú chun soláthar sheirbhísí cuimsitheacha 24/7 leighis agus máinliachta agus gníomhaíocht beartaithe d'ualaí oibre cás lae agus diagnóiseacha a chinntiú laistigh de gach líonra.

5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT) ar lean

- **Struchtúr nua cuimsitheach rialachais chliniciúil agus chorparáidigh** a thabhairt isteach chun tacaíocht a thabhairt do choincheap chleachtais oibre agus líonraí cliniúla comhtháite agus na heagraíochtaí ollscoile / acadúla a ionchorprú chun a chinntiú gur féidir le pleanáil agus seachadadh seirbhíse tairbhe a bhaint as ceannaireacht acadúil agus as an gcleachtas cliniúil is fearr.
- **Seirbhísí éigeandála a athchumrú** chun a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar dhobhardhaonra oiriúnach, agus go bhfuil na hacmhainní acu seirbhísí éigeandála cuimsitheacha 24/7 a sholáthar agus cúram a thabhairt do riachtanais phráinneacha eile agus gortaithe beaga.
- **Seirbhísí Cúraim Chriticiúil** a athchumrú chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach aonad cúram criticiúil ar dhobhardhaonra oiriúnach agus go bhfuil na hacmhainní aige chun seirbhísí cuimsitheacha cúraim chriticiúil a sholáthar don daonra sin.
- **Seirbhísí treasacha agus seirbhísí speisialaithe náisiúnta** a chomhdhlúthú in ionaid a fhreastalaíonn ar dhobhardhaonra leordhóthanach chun torthaí cliniúla a uasmhéadú d'othair.
- **Seirbhísí máithreachais** a athchumrú chun a chinntiú go bhfuil gach seirbhís máithreachais comhshuite le hospidéal ghéarmhíochaine ag soláthar an réimse seirbhísí cuí chun tacaíocht a thabhairt don aonad máithreachais.
- **Na haonaid mháithreachais** a chumrú chun a chinntiú go bhfuil íosmhéid breitheanna san aonad ann chun seirbhísí cuimsitheacha sábháilte a chinntiú do gach othar agus chun rogha oiriúnach a chur ar fáil d'othair.
- **Seirbhísí pédiatraiceacha** a chumrú i líonra comhtháite náisiúnta pédiatraiceach amháin le seirbhísí oiriúnacha soláthraithe ag leibhéal náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.
- **Éifeachtachtaí agus próisis inmheánacha ospidéal** a fheabhsú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.
- **Córais mhonatóireachta feidhmiúcháin ospidéal** a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil réimse cuimsitheach d'eolas bainistíochta ar fáil agus in úsáid ag leibhéal áitiúil, líonra agus náisiúnta chun cinnteoireacht a bhunú air.
- Na pleananna do chomhlonnú **ospidéal phríobháideacha** ar shuímh ospidéal phoiblí a chur i bhfeidhm.
- Cinntiú go bhfuil **straitéis na n-otharcharranna** agus úsáid an ardfhórsa oibre paraimhíochaine géarchéime i bhfeidhm chun tacú leis an athchumrú.
- **An córas Faisnéise Bainistíochta Comhtháite Náisiúnta (PACS/RIS)** a thionscnamh chun cumarsáid agus so-rochtaineacht ar fhaisnéis íomháithe ar fud an chórais a éascú.
- **Tionscnaimh nua do mheascán feabhsuithe scileanna** a thabhairt isteach sna seirbhísí géarchéime agus le haghaidh leathnú róil na ngairmithe cúraim shláinte, lena n-áirítear altraí agus mná cabhrach, agus
- An **conradh nua do chomhairligh leighis** a chur i bhfeidhm agus feabhsúcháin seirbhíse bhainteacha a thomhais.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Déanfar an mhórchuid d’othair, iad sin nach bhfuil de dhíth orthu ach leibhéal gnáthúil, díreach de chúram práinneach nó pleanálte, a bhainistiú go sábháilte agus go háitiúil, ag seachadadh cóireáil sa bhaile nó chomh gar don bhaile agus is féidir.
- Déanfar mionlach na n-othar, iad sin a bhfuil fíorchúram géarchéime nó cúram pleanálte atá níos coimpléascaí de dhíth orthu, a bhainistiú go sábháilte in ionaid bharr feabhais ghéarmhíochaine shainithe, áit a bhfuil an saineolas cliniciúil bainteach go léir comhdhlúite chun go bhfuil cúram ardchaighdeáin, a sheachadann comhairligh, ar fáil de ló is d’óiche.
- Tá torthaí na n-othar ag an barrmhaitheas is féidir a bhaint amach agus éiríonn go maith leo i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta.
- Rochtain chothrom ar ospidéal poiblí d’othair poiblí agus príobháideacha.
- Laghdú ar úsáid neamhchuí d’áiseanna géarmhíochaine agus ar an meánfhad a fhanann othair ann.
- Acmhainn mhéadaithe leapa go 1,000 leaba sa bhreis a luaithe is atá ospidéal chomhlonnaithe lánfheidhmeach.
- Seirbhísí éigeandála réamhospidéal atá forbartha go maith, agus
- Laghdú ar agaí feithimh do chúram othair chónaitheacha agus othair sheachtracha araon.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- An céatadán de na hatreoruithe go cúram tánaisteach in ospidéal do riochtaí roghnaithe (ceantar cónaithe in aghaidh ceantar cóireála).
- An céatadán d’othair nua ag teacht i láthair le haghaidh cúram éigeandála a chonacthas agus ar cuireadh cóir orthu laistigh de 12 uair a chloig (2008) agus 6 uair an chloig (2009) (ó chlárú go scaoileadh ón Rannóg Éigeandála). (KRA 08)
- An céatadán de fhreagraí otharcharranna éigeandála a tugadh laistigh de bhandanna réamhchinnte.
- An céatadán de sheirbhísí cúraim chriticiúil ag soláthar cúraim laistigh de na sonraíochtaí agus na treoirlínte a leag Athbhreithniú na Seirbhísí Cúraim Chriticiúil (2008) síos.
- Monatóireacht ar rátaí Gearrtha Chaesaraigh.
- Meánfhad cónaithe do riochtaí sonracha.
- Cóimheasa othair chónaitheacha / cásanna lae.
- Meascán poiblí / príobháideach.
- Líon, nó áit is cuí, cóimheasa scaoilte sonracha riochtaí íogair chúraim siúlach d’othair pheidiatraiceacha. (Nótáil: Is scaoilte riochtaí íogair chúraim siúlach iad cásanna ospidéalachta d’othair chónaitheacha ar cheart dóibh bheith inseachanta siocair an chúraim shiúlaigh).
- Líon, nó áit is cuí, cóimheasa scaoilte sonracha riochtaí íogair chúraim shiúlaigh d’othair lánfhásta.
- Rátaí Gnáthaimh: Líon agus ráta díreach aoischaighdeánaithe ghnáthaimh ospidéal in aghaidh 100,000 den daonra de réir líonra cónaithe ospidéal do:
 - Artaireagrafaíocht Chorónach
 - Gnáthaimh CABG
 - PTCA
 - Cromán
 - Cataracht.

5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT) ar lean

- Rátaí Scaoilte agus Gnáthaimh:
 - Ráta díreach aoischaighdeánaithe scaoilte, briseadh i muineál fhéimear, in aghaidh 100,000 den daonra, de réir contae.
 - Ráta díreach aoischaighdeánaithe scaoilte, in aghaidh 100,000 den daonra, Diaibéiteas, de réir contae.
 - Líon agus ráta díreach aoischaighdeánaithe ghnáthaimh ospidéal in aghaidh 100,000 den daonra maidir le gnáthaimh trasphlandaithe duánaigh de réir inscne, agus de réir contae.
- Líon agus ráta díreach aoischaighdeánaithe ghnáthaimh ospidéal in aghaidh 100,000 den daonra (aois < 15bl) de ghnáthaimh Grommet de réir contae.
- Líon agus ráta díreach aoischaighdeánaithe ghnáthaimh ospidéal in aghaidh 100,000 den daonra baineann (aois < 40 bl) de ghnáthaimh Leathachta agus Cuiréadachta de réir contae.
- Líon agus ráta aoischaighdeánaithe scaoilte ospidéal in aghaidh 100,000 den daonra maidir le Géar-ionfharctaithe Míocairdiacha de réir inscne.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

17. Cáilíocht & Sábháilteacht Chorparáideach (Riosca)

Cinnteoimid go gcothaítear sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim shláinte a sholáthraítear don phobal ag an gcaighdeán is airde.

Cumarsáid agus comhairliú: Tá meicníochtaí oiriúnacha éifeachtacha i bhfeidhm do chumarsáid agus do chomhairliúchán ar chúrsaí cáilíochta agus riosca le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Freagracht: Tá freagracht indibhidiúil as bainistiú cáilíochta agus riosca sainithe go soiléir agus tá línte soiléire freagrachta ann a théann suas fhad leis an bainisteoir nó stiúthóir is sinsearaí.

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Creat Náisiúnta Cáilíochta agus Riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a dhéanann seo a leanas:
 - A chinntiú go rialaítear polasaithe, gnáthaimh agus treoirlínte caighdeánaithe le próiseas rialaithe atá doiciméadaithe go foirmiúil.

– Clár iniúchta cliniúil agus cúraim shláinte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

– Rannpháirtíocht na n-othar agus an phobail i bpróisis feabhsúcháin cáilíochta agus dearbhaíochta a chinntiú.

– Aitheantas, measúnacht agus bain istíocht riosca in ord tosaíochta de réir Chaighdeán AS/NZS 4360:2004 na hAstráile / Na Nua-Shéalainne 'Risk Management'.

– Eochair-rioscaí sa tseirbhís sláinte a aithint agus a bhainistiú.

– Córais / próisis a bhunú do bhainistiú sláinte, sábháilteacht agus leas ceirde.

– Córais / próisis a bhunú chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear rioscaí timpeallachta agus dóiteáin.

– Cinntiú go bhfuil próisis éifeachtacha i bhfeidhm d'fhoghlaim agus chun eolas ar dhea-chleachtas i mbainistiú cáilíochta agus riosca a roinnt.

- Polasaí agus Gnáthamh a fhorbairt maidir le Bainistíocht Teagmhais Thromchúisigh agus cuir i bhfeidhm é (KRA 08).

- Monatóireacht a dhéanamh ar Ionfhabhtaithe a Bhaineann le Cúram Sláinte (IBCS). (*KRA 08*).
- Gníomhú ar thuarascáil an Choimisiúin ar

Shábháilteacht Othair agus Dearbhú Cáilíochta, agus

- Obair go dlúth leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

EOCHAIRTHORHAÍ

- Tá feabhas inléirithe in eochairtháscairí feidhmíochta a bhaineann le bainistíocht cáilíochta agus riosca.
- Déanann an bhainistíocht monatóireacht agus athbhreithniú ar gach gné den chóras atá i bhfeidhm do bhainistíocht cáilíochta agus riosca ar mhaithe leis an bhfoghlaím agus le feabhas.
- Tugtar dearbhaithe neamhspleácha don ardbhainistíocht go bhfuil córas comhtháite bainistíochta cáilíochta agus riosca i bhfeidhm a chomhlíonann riachtanais an chaighdeáin seo, agus
- Rialachas corparáideach agus clinicúil láidir.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Rátaí IBCS.
- Rátaí caite antaibheatha, agus
- Líon na ndrochtharluithe thromchúiseacha a tuairisciú

EOCHAIRLIMISTÉAR TORHAÍ (ELT)

18. Pleanáil Chorparáideach, Monatóireacht Feidhmiúcháin agus Creat Bainistíochta agus Próisis Rialaithe

Leanfaimid ar aghaidh ag comhordú pheanáil FSS trí ghlacadh le próisis agus modheolaíochtaí an chleachtais is fearr ar fud na heagraíochta. Tabharfar tomhas feidhmíochta ciallmhar isteach ag gach leibhéal agus úsáidfear é chun ár bhforbairt seirbhíse a threorú. Tá torthaí cliniciúla, spriocanna airgeadais, úsáid acmhainní, próisis, sásamh chliaint agus sláinte na heagraíochta san áireamh leo seo. (*CA 5*)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Struchtúir agus modheolaíochtaí pleanála FSS a shruthlíniú.
- Tionchar a bhaint amach ar phróiseas bliantúil Meastacháin an Rialtais.
- Feabhas a chur ar phróisis Pheanála Seirbhíse agus Pheanála Gnó.

- Pleananna Náisiúnta Seirbhíse bliantúla (PNSanna) a fhorbairt, a leagann amach conas a dhéanfaimid seachadadh ar ár dtosaíochtaí ar bhonn bliantúil.
- Ár bPróisis Rialaithe a threisiú chun forbairt bhreise rialachais agus bainistíocht feidhmíochta mhaith a chumasú, agus
- Creat Feidhmíochta, Pleanála agus Monatóireacht FSS a fheabhsú, lena n-áirítear:
 - tomhas feidhmíochta a fheabhsú trí fheabhas leanúnach na dTuarascálacha Monatóireachta Feidhmíochta (TMF) ar bhonn míosúil.
 - Healthstat agus Tomhas Feidhmíochta Corparáideach (TFC) a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú.
 - Oibriú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le ranna eile chun táscairí agus tomhais feidhmíochta ciallmhara a fhorbairt.
 - Córais tacaíochta TF a fhorbairt do bhainistíocht feidhmíochta.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Struchtúir agus próisis sruthlínithe a thugann tacaíocht do dhea-chleachtas agus d'fheidhmíocht fheabhsaithe i bpleanáil gnó.
- Is féidir dul chun cinn iarbhir a thomhas ag úsáid táscairí agus tomhas feidhmíochta sonracha ag gach leibhéal sa chóras.
- Seirbhísí a luacháil agus a fhorbairt bunaithe ar eolas láidir.
- Tabharfaidh tomhas feidhmíochta tacaíocht d'fheabhas agus d'fhreagracht leanúnach.
- Cinnteoidh ailíniú méadrachtaí feidhmíochta acmhainn chomhthiomsaithe chomhtháite de shonraí bainteacha d'éagsúlacht úsáidí inmheánacha agus seachtracha, agus
- Tosaíochtaí FSS léirithe sa leithdháileadh bliantúil.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Comhlíonann FSS na riachtanais freagrachta atá leagtha amach sa reachtaíocht.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

19. Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais

Déanfaimid airgeadas FSS a bhainistiú, a thuairisciú agus a rialú trí bhainistíocht buiséid agus Vóta agus táirgeadh na Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Bunóimid córas comhtháite bainistíochta airgeadais, le fócas leanúnach ar chaighdeánú polasaithe agus gnáthaimh. (CA7)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

Córais agus Struchtúr

- Cuirfear córas náisiúnta caighdeánach airgeadais i bhfeidhm ar fud FSS faoi réir faofa agus maoiniúcháin, lena n-áirítear forbairt ar Mhórlabhar Ginearálta singil, córais buiséadaithe náisiúnta, struchtúir tuairiscithe caighdeánaithe, cuíchóiriú struchtúir cuntais bhainc, forfheidhmiú thuairisciú cuntasáochta an Vóta, seachadadh agus feidhmiú céimneach chóras tuairiscithe Caipitil Phlean B.

Luach ar Airgead (LAA)

- Forbrófar Plean Straitéiseach do LAA, lena n-áirítear plean gníomhaíochta intomhaiste do sheachadadh LAA, tionscnaím LAA áitiúla a aithint agus athbhreithnithe sonracha LAA, agus cuirfear i bhfeidhm é. (ELT 08)

Seirbhísí Airgeadais Roinnte

- Forbrófar plean feidhmithe céimneach agus cuirfear Seirbhísí Roinnte i bhfeidhm ar bhonn céimneach thar dhá bhliain, lena n-áirítear bunú Ionaid Seirbhísí Roinnte Chill Chainnigh agus Ionad Náisiúnta na gCuntas Dlite.

Rialachas, Tuairisciú agus Rialú

- Tabharfar tuairiscí don POF ar eochairchinní a thagann as Próiseas Rialaithe agus tabharfar comhairle dó maidir leis, tuairisceofar ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid ar bhonn míosúil agus molfar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann as, agus

- Seachadfar riachtanais AFS, riachtanais tuairiscithe an Vóta agus Bord / Rialú, gnáthaimh Rialúchán Caipitil agus comhlíonfar riachtanais an Choiste Iníuchta.

Vóta, Airgead Tirim agus Ioncam agus Caiteachas

- Feabhas a chur ar na socrúcháin mhonatóireachta maidir le tuairisciú, imréiteach agus feidhmíocht mar gheall ar Vóta, Airgead Tirim, Ioncam agus Caiteachas.
- Forbrófar modheolaíocht fheabhsaithe chun caiteachas agus ionchur i bpróiseas meastacháin bliantúil an rialtais sa todhchaí a réamh-mheas, agus
- Seachadfar ar riachtanais Airgeadais na Scéime Aisíocaíochtaí Fadchónaithe.

Bainistíocht Riosca

- Forbrófar fócas agus cultúr bainistíochta riosca ar fud na feidhme airgeadais agus saineofar straitéisí chun rioscaí airgeadais aitheanta a íoslaghdú.

Rialacháin Airgeadais

- Cuirfear modúil bhreise i bhfeidhm sa bhreis ar Rialacháin Airgeadais Ceannaigh-le-hÍoc, an Polasaí Náisiúnta um Bainistíocht Creidmheasa agus Athbhreithniú ar thorthaí an Rialaithe Inmheánach Airgeadais.

Meicníocht Maoiniúcháin

- Feabhsófar an scóip do mhaoiniú bunaithe ar fheidhmíocht.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Rialú agus tuairisciú feabhsaithe.
- Tacaíocht fheabhsaithe do Leasuithe na hEarnála Sláinte: Cumasú eochairghnéithe Chlár Leasaithe na hEarnála Sláinte agus eochairmholtaí an Choimisiúin ar Bhainistíocht Airgeadais agus Córais Rialacháin.
- Ailíniú Eagraíochta: Ag cumasú na tacaíochta solúbtha d'eagraíocht atá ag athrú agus ag sruthlíniú na feidhme airgeadais chun bheith ar an gceann is oiriúnaí agus is féidir d'fheidhm eagraíochta. Laghdú i ndíriú ar phróiseáil thrasghníomhach.
- Ailíniú Eagraíochta: Ag cumasú na tacaíochta solúbtha d'eagraíocht atá ag athrú agus ag sruthlíniú na feidhme airgeadais chun bheith ar an gceann is oiriúnaí agus is féidir d'fheidhm eagraíochta. Laghdú i ndíriú ar phróiseáil thrasghníomhach.
- 50% de chur i bhfeidhm an Chórais Náisiúnta Airgeadais críochnaithe faoi 2011, agus
- Gníomh ceartaitheach tionscanta chun bainistiú laistigh den bhuiséad agus vóta cothrom a bhaint amach.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Céatadán den Chóras Náisiúnta Airgeadais críochnaithe faoi 2011.
- Spriocanna comhaontaithe LAA de chuid FSS, tomhaiste agus tuairiscithe ag leibhéal Stiúthóireachta agus seirbhíse agus atá comhsheasmhach le seachadadh na straitéise LAA chun luach agus táirgiúlacht a sheachadadh, agus
- Éagsúlacht i gcaiteachas ón teorainn tofa leagtha amach in Imleabhar na Meastacháin Leasaithe. (KRA 08)

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

20. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cuirfimid ár straitéis TFC i bhfeidhm chun tacú le hathrú ár seirbhísí sláinte. (CA 10)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- **Creat eolais** a chur i bhfeidhm bunaithe ar an mbille eolais phoiblí, forfheidhmiú caighdeán lena n-áirítear bunú innéacs othair / cliant, innéacs soláthróra agus innéacs gairmiúil.
- Sraith de **mhórhionscnaimh straitéiseacha** a chur i bhfeidhm i réimsí mar Ailse, Foirne Cúraim Phríomhúil, Rianú Leictreonach Fola, Córais Bhainistíochta Eolas Saotharlainne, Meabhairshláinte agus Córais Taifeadta Othair Ospidéal.
- Leanúint ar aghaidh ag **tacú le tionscnaimh réigiúnacha / áitiúla** a fheabhsaíonn cúram othair.
- **Ár nInfreastruchtúr TFC** a fheabhsú trí, mar shampla, líonra náisiúnta sláinte singil, bunú ionad sonraí singil agus comhdhlúthú sheirbhísí Infreastruchtúir TFC eile, agus
- Acmhainneacht agus cumas **TFC a threisiú**. Bainfear seo amach trí fhorfheidhmiú straitéis TFC FSS.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Soláthar creat eolais agus caighdeán i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cailíocht Sláinte.
- Líon méadaithe ball foirne a bhfuil rochtain acu ar TFC agus ar chórais taifeadta othair chun tacú le cúram feabhsaithe othair agus le pleanáil níos éifeachtaí dár seirbhísí.
- Tacaíocht do chóras ardchaighdeán cúraim shláinte trí raon tionscnamh sábháilteachta othair mar shampla an tionscadal rianaithe leictreonach fola, an tionscadal íomháithe leighis agus an tionscadal saotharlainne.
- Tacaíocht a thabhairt do mhórfheabhsúcháin seirbhíse i réimsí mar scéimeanna, meabhairshláinte, cnáimhseachas, ospidéal
- ghéarmhíochaine, cleachtas ginearálta, fiaclóireacht, imdhíontaí, cúram éigeandála réamh-ospidéal, cógaisíocht agus airgeadas trí fhorfheidhmiú chlár athruithe atá á gcumasú ag TFC.
- Comhdhlúthú ar ár n-infreastruchtúr TFC lena n-áirítear ár líonraí, ár n-ionaid sonraí agus sócmhainní eile chun seirbhís níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chinntiú dár bhfoirne.
- Cur i ngníomh na samhla maoiniúcháin nua chun tacú lenár gclár caipitil TFC.
- An líon dár bhfoirne a bhfuil rochtain acu ar ár líonra a mhéadú go 60% dár bhfórsa oibre iomlán, agus
- Caighdeán náisiúnta agus tacair sonraí comhaontaithe leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an ÚFCS.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Dul chun cinn ar fhorfheidhmiú straitéis TFC.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

21. A chinntiú go bhfuil gach Ball Foirne Páirteach i mBunathrú chun Feabhais Chúram Sóisialta Sláinte agus Pearsanta na hÉireann

Beidh caidreamh gníomhach againn le baill foirne agus cruthóimid timpeallachtaí oibre a thacaíonn le hathrú. Cothóimid nuálaíocht agus athrú, tabharfaimid luach saothair as ucht cion dearfach la hathrú, cosnaímid ár luachanna agus taispeánaimid an chuid is fearr dár bhfoirne. Gheobhaidh baill foirne oiliúint chuí chun tacú lena gcion agus chun a bhforbairt phearsanta a spreagadh. Beidh ceannaireacht chliniciúil agus seachadadh seirbhíse foireannbhunaithe leabaithe san eagraíocht. (CA 6)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Na bunathruithe eagraíochta a chur i bhfeidhm.
- Próiseas Pleanála agus Athbhreithnithe Feidhmíochta (PAF) a chur i bhfeidhm (KRA 08).

- Straitéis Páirtíochta an Fhostaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (KRA 08).
- Próiseas bainistíochta a chur i bhfeidhm chun neamhláithreachta a laghdú (ELT 08).
- An Clár Forbartha Ceannaireachta a chur i bhfeidhm. (KRA 08).
- Freagairt d'athchóiriú in Oideachas Altranais, Oiliúint agus Oideachais Leighis (Tuarascálacha Fottrell agus Buttimer 2006), Taighde agus eile.
- Dearadh modúil Chreat Díí Bainistíocht Feidhmíochta (CDBF) agus nuashonrú ar mhodúil atá ann cheana, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte (GFSS).
- Caighdeánú na Scéime Náisiúnta um Thacaíocht do Staidéar Acadúil.
- Ionad Ríomhfhoghlama – Tuilleadh forbartha ar www.hseland.ie, agus
- Cliniceoirí i mBainistíocht (KRA 08).

EOCHAIRTHORTHAÍ

- ACur chuige comhtháite i dtaobh socrú sprice ag gach leibhéal den eagraíocht. Cinnteoidh athbhreithnithe rialta go bhfanann feidhmíocht ar an mbealach ceart agus go n-aithnítear agus go réiteofar fadhbanna de réir mar a thagann siad aníos.
- Soláthraíonn Straitéis Páirtíochta an Fhostaí léarscáil chun a chinntiú gur rogha fostóir muid agus go mbaineann fostaithe a gcumas iomlán amach.
- Feabhas ar pháirtíocht agus meanma na bhfostaithe.
- Cur i ngníomh ar chóras éifeachtach bainistíochta freastail chun soláthar seirbhíse sláinte ardchaighdeáin chostéifeachtach a chinntiú.
- Tabharfaidh an Clár Forbartha Ceannaireachta tacaíocht don ghluaiseacht i dtreo eagraíocht shingil agus samhail chomhtháite seachadta seirbhíse.
- Ceannaireacht feabhsaithe léirithe ag foireann atá níos dírithe agus níos spreagtha agus ag bainistíocht feidhmíochta níos láidre.
- Cothabháil agus forbairt ar chaighdeán altranais, leighis agus chúraim shóisialta trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT) ar lean

- Beidh eolas agus tuiscint ar reachtaíocht fostaíochta bhainteach agus ar eochairpholasaithe agus ghnáthaimh AD ag gach ball foirne a bhfuil freagrachtaí díreacha orthu maidir le bainistíocht daoine.
- Beidh gach ball foirne feasach ar thacaíocht d'fhorbairt bhreise oiliúna trí Scéim Náisiúnta um Thacaíocht Staidéar Acadúil.
- Cuirtear deiseanna oiliúna, forbartha agus oideachais ar fáil ar bhealach tráthúil agus costéifeachach do gach ball foirne ar fud na heagraíochta trí mheán an Ionaid Ríomh-Fhoghlama (www.hseland.ie).
- Tríd an tionscnamh Cliniceoirí i mBainistíocht beidh níos mó ionchuir ag gairmithe sláinte maidir le pleanáil agus bainistiú seirbhísí sláinte mar aonáin, i bhfoirne agus ina n-eagraíocht, leis an bpríomfheidhm cúraim othair de chaighdeán níos airde a sholáthar, agus
- Tá socrúcháin, struchtúir agus próisis bhainistíochta ag ospidéal chun an tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna de réir chur i bhfeidhm an tionscnaimh Cliniceoirí i mBainistíocht.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Ailíniú Straitéis FSS agus Pleananna Feidhmíochta bhainisteoirí, foirne agus aonáin.
- Reáchtáil suirbhé ar pháirtíocht na bhfostaithe.
- Cur i ngníomh próiseas tomhais agus monatóireachta neamhláithreachta beacht.
- Dearadh modúil nua Chreat Díl Bainistíochta Feidhmíochta, nuashonrú ar mhodúil atá ann cheana, agus
- Comhaontú Scéime nua um Thacaíocht Staidéar Acadúil trí chur chuige comhpháirtíochta le gach páirtí leasmhar.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHAÍ (ELT)

22. Straitéis Acmhainní Daonna agus Seachadadh

Díreoimid ar straitéis fostaíochta fhadtéarmach chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta ar fáil san áit cheart nuair atá siad de dhíth. Tabharfar caighdeánú isteach ar fud na heagraíochta ó earcaíocht go scor agus cuirfear béim ar dheiseanna ceannaireachta, bainistíochta agus forbartha scileanna. (TP 9)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Cuirfear tomhas agus bainistíocht feidhmíochta chaighdeánbhunaithe i bhfeidhm ar fud FSS.
- Oibreofar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun Straitéis Pleanála Chomhtháite Fórsa Oibre a fhorbairt (ELT 08).
- Forbrófar Samhail Leithdháilte Acmhainne.
- Forbrófar Clár Measúnachta do Sholáthar Foirne Riaracháin (CMSFR).
- Déanfar obair foirne a fhorbairt, a threisiú agus a fheabhsú i measc foirne nuabhunaithe agus seanbhunaithe.
- Forbrófar Straitéis Folláine agus Leasa Fostaithe.
- Forbrófar tacar de Tháscairí agus Méadrachtaí Feidhmíochta Acmhainní Daonna.

- Déanfar Próiseas an Chórais Gnó Acmhainní Daonna (CGAD) a chaighdeánú – déanfar Athbhreithniú agus forfheidmiú ar léarscáileanna gnáthphróisis do gach Scéim Fostaithe.
- Earcaíocht: Déanfar earcaíocht bainistíochta / riaracháin uile a chomhdhlúthú, agus
- Freagrófar do reachtaíocht sheanbhunaithe agus nua .i. Cosaint Fostaithe (Acht Oibre Théarma Shocráithe 2003); Rialacháin na gComhphobal Eorpach d'Eagrú Ama Oibre 2004; Bille na nAltraí agus na mBan Cabhrach; an tAcht um Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005; Acht na Lia-Chleactóirí 2007; Acht Cógaisíochta 2007.

EOCHAIRTHORHAÍ

- Forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis chuimsitheach acmhainní daonna a leagfaidh amach go soiléir an tairiscint AD chun tacú le Fís, Misean agus Luachanna FSS, chomh maith leis an gClár Athraithe.
- Trí Straitéis Pleanála an Fhórsa Oibre a forbairt, cuirfear próiseas bainistíochta i bhfeidhm chun an eagraíocht a éascú, chun éileamh ar acmhainní saothair / lucht oibre a luacháil agus a réamh-mheas agus chun an riar riachtanach de mhéid, scóip agus scileanna a phleanáil chun an t-éileamh a chomhlíonadh.
- Cinnteoidh Bainistíocht Feidhmíochta Foireannbhunaithe (BFFB) go mbeidh feidhmíocht bainistíochta aonfhoirmeach ar fud na heagraíochta, rud a éascóidh obair foirne éifeachtach agus próisis phleanála pháirtíochta a cheanglaíonn gníomhacha foirne le riachtanais na seirbhíse.
- Comhairliúchán fostaithe a dhéantar agus straitéis a fhorbraítear ar bhonn thorthaí.
- Cinnteoidh Straitéis Folláine agus Leasa Fostaithe go mbaineann gach ball foirne a gcumas iomlán amach san áit oibre, trí chothú shláinte agus leasa mheabhrach, fisiceacha, mothúchánacha agus síceolaíochta.
- Forbairt agus forfheidmiú ar chóras comhtháite AD don eagraíocht lena n-áirítear eochairmhéadrachtaí AD don eagraíocht m.sh. tuairisciú choibhéis lánaimseartha.
- Forbairt agus forfheidmiú straitéise imirce do phróisis thrasghníomhaíochta AD go seirbhísí roinnte náisiúnta.
- Caighdeánú phróisis AD ó earcaíocht go scor, agus
- Obair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Roinn Oideachais chun a chinntiú go n-úsáidtear ár n-acmhainn soláthair foirne ar an mbealach is éifeachtaí ar fud na heagraíochta agus go gcloítear leis an gcreat rialaithe fostaíochta de réir pholasaí an Rialtais.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Forbairt Straitéise Acmhainní Daonna
- Forbairt agus leabú Straitéis Pleanála an Fhórsa Oibre laistigh den eagraíocht agus den phróiseas pleanála seirbhíse
- Feidmiú céimneach de BFFB ar fud na heagraíochta.
- Socrú ar an réiteach / chur chuige FSS is fearr, agus
- Sonraí fostaíochta beachta chun dáta ar fáil chun riachtanais tuairiscithe a chomhlíonadh.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

23. Bainistiú Páirtithe Leasmhara agus Caidrimh

Beimid trédhearcach agus oscailte maidir le gach rud a dhéanaimid, chun go méadóidh muintín an phobail inár gcóras sláinte. Leanfaimid ar aghaidh le páirtíocht príomhpháirtithe leasmhara áit ar féidir linn maidir le cinnteoireacht faoi pheanáil agus seachadadh ár seirbhísí. I measc ár bpáirtithe leasmhara tá úsáideoirí seirbhíse, an Rialtas, an tOireachtas, an tAire Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, baill foirne, ceardchumann, eagraíochtaí deonacha, eagraíochtaí neamhrialtais, fiontraíocht phríobháideach, comhpháirtithe oideachais agus oiliúna. Leanfaimid ar aghaidh ag tógáil caidrimh lenár bpáirtithe leasmhara trí chomhoibriú, eolas roinnte agus cumarsáid faisnéise chun tacú linn agus muid ag baint ár misin agus ár bhfíse amach. (TP 12)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Bainisteofar caidreamh FSS le baill an Oireachtais agus cinnteoidimid go dtugtar freagra ar PQanna go tráthúil.
- Bainisteofar caidreamh FSS le Fóraim Réigiúnacha Sláinte.
- Bainisteofar freagrachtaí gnóthaí tomhaltóra FSS, lena n-áirítear gearáin, cosaint sonraí agus saoráil faisnéise.
- Cuirfear an Straitéis Náisiúnta do Pháirtíocht Úsáideoirí Seirbhíse i bhfeidhm. (KRA 08)
- Tabharfar faoi shuirbhé eile ar shásamh custaiméara.
- Soláthrófar cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach, lena n-áirítear forbairt agus chur i bhfeidhm Straitéis Chumarsáide. (KRA 08)
- Bainisteofar forbairt agus forfheidhmiú na Straitéise Oiliúna agus Taighde Oideachais Leighis. (METR and ETR).
- Bainisteofar forfheidhmiú an Chreat Rialachais Chorporáidigh.
- Déanfar maoirseacht ar fhorfheidhmiú Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le soláthraithe seirbhíse ar bhonn céimneach.
- Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm straitéis agus struchtúr cuí do bhainistiú ghnóthaí dlí FSS.
- Tabharfar tacaíocht do na Grúpaí Sainchomhairliúcháin atá ann cheana agus spreagfar forfheidhmiú na moltaí a ghlactar, agus
- Leathnófar na Grúpaí Sainchomhairliúcháin chun iad seo leanas a chur san áireamh: Sláinte Chardashoithíoch (2008); Sláinte Béil (2008); Seirbhísí Máithreachais (2008); Míchumais (2008).

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Freagairt ar PQanna laistigh den amfráma riachtanach.
- Soláthar freagraí tráthúla le ceisteanna ó Fhóram Réigiúnach Sláinte.
- Comhlíonadh éifeachtach éifeachtúil ar fhreagrachtaí maidir le gearáin, cosaint sonraí agus saoráil faisnéise.
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta do Pháirtíocht Úsáideoirí Seirbhíse.

- Cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide ar fud FSS.
- Cur i bhfeidhm na straitéise METR agus an Phlean ETR chomh maith le tuilleadh forbartha ar chaidreamh atá ann cheana le comhpháirtithe oideachais agus oiliúna.
- Cur i ngníomh an Chreata Rialachais Chorporáidigh trí FSS.
- Cur i ngníomh SLA-anna a chuirfidh ar chumas FSS pleanáil, bainistíocht agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rialachas seirbhísí sóisialta sláinte agus

pearsanta atá foinsithe go hallamuigh agus atá comhsheasmhach le freagracht FSS don saoránach mar fhaighteoir seirbhíse.

- Oibríocht éifeachtach struchtúir le haghaidh bhainistíocht ghnóthaí dlí FSS, agus
- Grúpaí Sainchomhairliúcháin ag soláthar ardán lárnach laistigh de FSS chun gur féidir le gairmithe agus ceannairí na líne tosaigh cur le polasaí oibríochta.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Líon agus céatadán na PQanna a fhrea graítear laistigh den amfráma riachtanach.
- Líon na ngearán.
- Líon agus céatadán na n-iarratas saorála faisnéise a phróiseáiltear laistigh d'amfrámaí riachtanacha.

- Líon na SLA atá i bhfeidhm.
- Líon na gcruinnithe a tionóladh le grúpaí úsáideoirí seirbhíse / aighneachta.
- Líon na n-amas ar shuímh inlín agus idirlín, agus
- Rátaí sástachta.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

24. Cur i bhfeidhm na Straitéise Eastát

Uasmhéadaigh luach mhaoine agus áiseanna FSS, laghdaigh costais trí rialúcháin dhiana a thabhairt isteach agus cinntigh go bhfuil infreastruchtúr oiriúnach i bhfeidhm nuair atá sé de dhíth. (TP 11)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

Forbairt Eagraíochta

- Tabharfar struchtúir bhainistíochta stiúthóireachta agus réigiúnacha Eastát chun críche, lena n-áirítear iarbhaill foirne na hOifige Pleanála Ospidéal, agus
- Bunófar SLA-anna le Stiúthóireachtaí FSS eile.

Bainistíocht Maoine

- Déanfar Bunachar Náisiúnta Sonraí Maoine a phoibliú agus a bhainistiú.
- Forbrófar agus foilseofar Prótacal Trasghníomhaíochta Maoine FSS.
- Déanfar gach léas a shocrú go lárnach, agus
- Déanfar sruth ioncaim ar leith a bhunú agus a bhainistiú le haghaidh íocaíocht léasanna.

Bainistiú áiseanna

- Críochnófar staidéar úsáidte oifige ar gach áis de chuid FSS, agus
- Suímh oibre na mball foirne a réiteach leis an mBunachar Sonraí Maoine.

5. Tosaíochtaí Corparáideacha – Eochairlimistéir Thorthaí (ELT) ar lean

Bainistíocht an Chlár Caipitil

- Tá clár bliantúil caipitil FSS ailínithe leis an PSN bliantúil, agus tugann sé tacaíocht dó trí na rudaí seo leanas a chinntiú:
 - Go dtarraingítear an leithdháileadh caipitil anuas ar bhealach tráthúil éifeachtúil.
 - Go dtugann an Clár Caipitil aghaidh ar riachtanais agus easnaimh seirbhíse.
 - Go soláthraítear cóiríocht do gach Foireann Cúraim Phríomhúil agus go soláthraítear leapacha fadchónaithe de réir mholtaí na Tuarascála ar Riachtanais Chónaithe do Dhaoine Scothaosta.

- Go bhforbrófar clár caipitil chun moltaí A Vision for Change a chomhlíonadh.
- Go ndéanfar forbairt an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh (ONP) a chur ar aghaidh go dtí an chéim thairisceana, agus
- Go gcomhlíonann Ospidéal Daoine Fásta an Mater clár an ONP.

Cáilíocht agus Caighdeán

- Forbrófar caighdeán agus treoirlínte dearaidh, lena n-áirítear Lámhleabhar Prótacail Caipitil chun soláthar agus seachadadh na dTionscadal Caipitil a rialú.

EOCHAIRTHORTHAÍ

- Forbróidh bainistíocht lárnach Phunann Maoine FSS éifeachtúlachtaí agus cinnteoidh sé LAA níos fearr maidir le ceannacháin, diúscairtí agus réiteach léasanna. Bainistíocht chostéifeachtach ar eastát corparáideach FSS.
- Caighdeán náisiúnta do bhainistíocht thraghníomhaíochtaí maoine agus monatóireacht agus bainistiú lárnach ar an mBunachar Sonraí Maoine.
- Soláthar infreastruchtúr sláinte a chloíonn le caighdeán nua-aimseartha cliniciúla, rialú ionfhabhtaithe agus sábháilteachta.
- Ailíniú iomlán Chlár Caipitil FSS agus PSNanna bliantúla.
- Seachadadh mhórtionscadail caipitil FSS ar bhealach tráthúil éifeachtach.
- Moltaí na Tuarascála ar Riachtanais Chónaithe do Dhaoine Scothaosta a chomhlíonadh.
- Tús a chur le cur i bhfeidhm mholtaí *A Vision for Change*, agus
- Soláthar cóiríochta cuí do na Foirne Cúraim Phríomhúil.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Gach maoín agus trasghníomhú de chuid FSS logáilte sa Bhunachar Sonraí Maoine.
- Forfheidhmiú an Phlean Chaipitil FSS a bheith faofa.
- An Clár Caipitil ag comhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta Cúraim, agus
- Cláir i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh infreastruchtúir atá ann cheana maidir le caighdeán cliniciúla agus tógála.

EOCHAIRLIMISTÉAR TORTHÁÍ (ELT)

25. Samhail Oibríochta Soláthair Náisiúnta

Cuirfimid an tsamhail nua oibríochta soláthair i bhfeidhm chun luach chaiteachas suntasach soláthair FSS a uasmhéadú agus chun a chinntiú go bhfuil a próisis sruth-línithe agus go dtugann siad tacaíocht iomlán don Chlár Athraithe.

Leis an tsamhail nua bogfaidh cur chuige FSS ó shamhail fhrithghníomhach thrasghníomhach nó ócáid-thiomáinte go samhail réamhghníomhach a fhaigheann tacaíocht ó mhodheolaíocht cleachtas ceannasach Bainistíocht Punainne agus Catagóire le deighilt shoiléir idir gníomhaíocht straitéiseach agus thrasghníomhach. (TP 13)

Chun seo a bhaint amach déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Bunófar eagraíocht **bainistíochta Punainne agus Catagóire** le freagracht as foinsiú straitéiseach, tairiscint agus conraitheoireacht do chaiteachas neamhphá uile FSS.
- Athrófar **bainistíocht Loighistice agus Fardail** FSS chun inniúlacht bainistíochta ábhair réamhghníomhacha a sholáthar ag gach pointe úsáide FSS.
- Cuirfear seirbhís **Soláthair Roinnte** i bhfeidhm chun tacaíocht thrasghníomhach a sholáthar don Eagraíocht Soláthair agus do pháirtithe leasmhara eile.
- **Tógfar na scileanna agus an cumas** atá riachtanach chun an tsamhail oibríochta nua a chur i bhfeidhm trí shamhail forbartha foirne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú do sholáthar.
- Déanfar **réitigh theicneolaíochta faisnéise** a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun tacaíocht a thabhairt don tsamhail oibríochta nua, lena n-áirítear feidhmchlár shonracha chun tacú le heagraíocht bainistíochta phunainne agus catagóire sa bhreis ar thacú le forbairt réiteach ERP singil, agus
- Tabharfar tacaíocht don tsamhail oibríochta nua trí **phróisis agugnáthaimh ardfeidhmíochta soláthair** a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud FSS.

EOCHAIRTHORTHÁÍ

- Feidhm Soláthair chomhtháite atá frea-grach as caiteachas uile neamh-phá.
- Feicseanacht fheabhsaithe dár gcaiteachas airgeadais.
- Conraitheoireacht, LAA agus géilliúntas feabhsaithe – Coigiltis Fhoinsithe (2008-2010) €75m.
- 70% Clúdach Conartha / 100% Úsáid Chonartha, agus
- Soláthar sheirbhís loighistice bainistithe do bhail foirne na líne tosaigh.

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

- Cur i bhfeidhm ar shamhail nua oibríochta soláthair.
- Céatadán an Chlúdaigh Chonartha.
- Céatadán Úsáide Conartha.
- Méid an Choigiltis Fhoinsithe, agus
- Méadú ar an líon suíomh ina ndéantar loighistic agus fardal a bhainistiú ag an phointe úsáide.

6. Monatóireacht ar ár bhfeidhmiúcháin agus Rathúlacht a Thomhas

Réamhrá

Leagann ár bPlean Corparáideach síos treoir straitéiseach FSS agus tugann sé tacaíocht dá struchtúr pleanála iomlán. Le tiomantas soiléir lena fhorfheidhmiú, tá sé riachtanach go ndéanaimid monatóireacht agus tomhas ar dhul chun an Phlean. **Tar éis foilseacháin, forbrófar Plean Forfheidhmithe chun amfráma gach ELT a aithint thar na trí bliana atá romhainn, chomh maith leis an duine a bheidh freagrach as a seachadadh.** Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha le roinnt blianta anuas maidir le bogadh i dtreo cur chuige bainistíochta feidhmíochta. Tá sé dealraitheach go dtógfaidh forbairt ar shocrúcháin éifeachtacha inbhuanaitheacha leabaithe bhainistíocht feidhmíochta roinnt blianta eile le baint amach go hiomlán. Tabharfaidh forfheidhmiú ar Athbhreithniú agus Pleanáil Feidhmíochta (APF) AD tacaíocht dúinn sa phróiseas seo.

Timthriall Pleanála

Aistrítear na réimsí tosaíochta a aithníodh inár bPlean Corparáideach go gníomhacha agus táirgí insoláthartha inár bPlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN). Is é an PSN an bunús ar a ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí luacháil ar ár bhfeidhmiúchán agus ár ndul chun cinn bliantúil maidir lenár ndualgais a chomhlíonadh. Leagann sé amach i ráiteas cuimsitheach comhtháite, cineál agus méid na seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta atá le soláthar ag FSS don daonra, laistigh de leithdháileadh vótáilte (Vóta) an Oireachtais don bhliain sin agus laistigh den tsíleáil fostaíochta faofa.

Ag freagairt don PSN, forbraítear Pleananna Gnó sonracha ag gach leibhéal san eagraíocht. Úsáidtear na pleananna seo ag na leibhéil chuí den eagraíocht agus soláthraíonn siad cur chuige comhsheasmhach do gach Stiúrtóireacht chun a chinntiú go n-aistrítear an clár oibre náisiúnta go gníomhú áitiúil. Cuireann an glacadh le cur chuige na samhla comhsheasmhaí gnó maidir le pleanáil trí gach leibhéal den chóras buntáistí suntasacha ar fáil agus feabhsaíonn sé anailís chomparáideach, trédhearcacht, eifeachtúlacht agus comhtháthú.

Is í an tsamhail ghnó an uirlis a úsáideann seirbhísí chun seachadadh a seirbhísí a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus is é an bealach ina gcoimeádtar an córas cuntasach as, ag gach leibhéal den chóras seachadta sláinte, trí Chreat Pleanála, Monatóireachta, Tomhais Feidhmíochta agus Bainistíochta FSS. Cinntíonn seo go bhfuiltear ag tuairisciú ar ghnóthachtáil in aghaidh ár spriocanna, laistigh d'acmhainní leithdháilte agus leibhéil fostaíochta faofa agus go bhfuiltear ag déanamh na ngníomhartha ceartaithe riachtanacha mar is cuí.

Tacaítear leis an tsamhail ghnó trí chur chuige bainistíochta feidhmíochta láidir ar fud an chórais. Ag deireadh timthriall pleanála leagann Tuarascáil Bhliantúil FSS amach conas a d'fheidhmigh an eagraíocht le linn aon bhliana áirithe. Cinntíonn ár gcreat go ndéanaimid ár seirbhísí a sheachadadh de réir ár ndualgas dlíthiúil maidir le tuairisciú don Aire Sláinte agus Leanaí agus don Rialtas. Tuairiscíonn Ráiteas Torthaí Bliantúla na Roinne Sláinte agus Leanaí ar Ghrúpa Sláinte Vótaí ar an tionchar agus na torthaí straitéiseacha a baineadh amach, d'acmhainní airgeadais agus foirne na bliana airgeadais.

Rathúlacht a Thomhas

Is Eochairlimistéar Torthaí (ELT) dúinne é ár dtiomantas leanúnach le tomhas agus tuairisciú a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Má táimid chun tomhas ionraic a dhéanamh ar conas a chomhlíonamar, mar eagraíocht, ár spriocanna, caithfimid féachaint i gcónaí i dtreo eolais atá comhsheasmhach, iontaofa, infhíoraithe agus láidir. Mar eagraíocht chasta, leanann seo ar aghaidh ag cruthú cuid mhór dúshlán dúinn, go háirithe san earnáil neamh-ghéarmhíochaine. In ainneoin an dúshláin, táimid tiomanta don infheistíocht fhadtéarmach i bhforbairt ár bpróiseas chun a chinntiú gur féidir na sonraí a tháirgimid a úsáid chun cáilíocht agus seachadadh ár seirbhísí a fheabhsú. Chun feabhsúcháin a spreagadh, caithfimid cinnteoirí áitiúla – dochtúirí, altraí, cliniceoirí agus bainisteoirí eile – a chumhachtú agus eolas comparáideach a sholáthar dóibh ar fhíorfheidhmíocht chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh seirbhísí níos fearr a sheachadadh, agus sa deireadh, iad a chur faoi iallach é seo a dhéanamh.

Tá Comhghrúpa Faisnéise Feidhmíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí agus FSS ag obair le chéile chun creat a fhorbairt d'fhaisnéis feidhmíochta le tacair sonraí faisnéise coitianta. Mar pháirt dá dtéarmaí tagartha forbrófar táscairí feidhmíochta ag ceithre leibhéal:

- Tacar sonraí coitianta maidir le sláinte an daonra.
- Tomhas feidhmíochta corparáideach (TFC).
- Tuairisciú comhtháite monatóireachta míosúil feidhmíochta (TMF).
- Méadrachtaí oibríochta (HealthStat).

Tuairisciú

Soláthróidh forbairt **Tacar sonraí maidir le Sláinte an Daonra** sonraí tuairisciúla inchomparáide a dhéanfar a thagarmharcáil go hidirnáisiúnta agus thar am. Cumasóidh sé beartú tosaíochta ardleibhéil agus luacháil ar fheidhmíocht an chórais sláinte. Tuairisceoidh sé go bliantúil ar dhéimeagrafaíocht, stádas sláinte, eispéiris sláinte agus iompraíocht shláinte.

Tuairisceoidh **Tomhas Feidhmíochta Corparáideach (TFC)** débhlíantúil forbhreathnú ar threochtaí agus dul chun cinn in aghaidh na spriocanna corparáideacha ardleibhéil atá leagtha amach sa phlean seo.

Tabharfar faoi mhonatóireacht feidhmíochta agus tomhas seirbhísí agus tuairisceofar orthu go míosúil i **dTuairiscí Monatóireachta Feidhmíochta (TMF)** comhtháite FSS faoi na heochair-réimsí eagraíochta de sheirbhísí pobail agus géarmhíochaine, acmhainní daonna agus airgeadas. Tá **HealthStat**, forbairt mhéadrachtaí oibríochta mar uirlis bhainistíochta, á phiólótú agus de réir a chéile déanfar é a chomhtháthú go huile agus go hiomlán isteach sna TMFanna míosúla. Aithníonn HealthStat tomhais faoi na réimsí Rochtain, Comhtháthú agus Acmhainní (RCA).

Rochtain: Na hagaí feitheamh a bhíonn ag daoine ag úsáid seirbhísí FSS.

Comhtháthú: Táthar ag fáil seirbhísí cuí go tráthúil.

Acmhainní: Na daoine cearta san áit cheart; úsáid chuí d'acmhainní – LAA. Réimsí, cláir nó tionscadail faoi leith laistigh de na seirbhísí m.sh. Tionscnamh an Gheimhridh agus cuirfidh TP tuairisc rialta ar dhul chun cinn ar fáil chomh maith do luchtanna léitheoireachta éagsúla mar is gá.

6. Monatóireacht ar ár bhfeidhmiúcháin agus Rathúlacht a Thomhas – ar lean

Próisis Rialaithe

Cinntoidh na córais a bunaíodh don rialachas corparáideach go ndéanfar an eagraíocht, thar thréimhse an Phlean Chorparáidigh 2008 – 2011 seo, a stiúradh agus a rialú chun ár misean agus ár spriocanna a bhaint amach agus go gcomhlíonfaimid na caighdeáin riachtanacha freagrachta agus sláine a bhfuil daonra na hÉireann ag dréim leo agus atá tuilte acu as a gcóras cúram sláinte.

Tá an caidreamh idir freagracht agus údarás agus an dóigh ina bhfoirmíonn seo bunús ár socrúcháin rialachais ar fud an chórais ag croílár na rathúlachta. Déanfar meicníochtaí rialaithe a threisiú arís thar na blianta atá romhainn agus beidh córais láidre san áireamh leo le haghaidh aithint agus bainistiú riosca.

I measc na meicníochtaí rialaithe agus gníomhairí freagrachta tá siad seo leanas (níl an liosta seo uileghabhálach):

- An Coiste um Chuntais Phoiblí
 - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
 - Institiúidí an Aontais Eorpaigh
 - Ombudsman agus Ombudsman do Leanáí
 - Coimisinéir Faisnéise
 - Coimisinéir Cosanta Sonraí, agus
 - Fóram ar an Earnáil Sláinte.
- Iniúchadh Inmheánach FSS
 - Cruinnithe Ráithiúla Athbhreithnithe an Phlean Seirbhíse idir an Roinn Sláinte agus Leanáí agus FSS
 - Cruinnithe Míosúla Airgeadais an Chomhchoiste Mhónatóireachta idir an Roinn Airgeadais, FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanáí
 - Grúpa Ardoifigigh ar Shláinte
 - Coiste Comh-aireachta ar Shláinte
 - Comhchoiste ar Shláinte agus Leanáí (An Roinn Sláinte agus Leanáí agus FSS)

ACPIF	Athbheochan Ceantair trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt	MFC	Méanfhad Cónaithe
AD	Acmhainní Daonna	MTS	Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte
ADLT	Aonad Sláinte an Lucht Taistil	OAL	Oifig an Aire Leanaí
AE	An tAontas Eorpach	ODROS	Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachais Speisialta
APF	Athbhreithniú Pleanála Feidhmíochta	ONO	Oifig Náisiúnta na nOspidéal
BFFB	Bainistíocht Feidhmíochta Foireannbhunaithe	OPD	Rannóg na nOthar Seachtrach
BNSSA	An Bord Náisiúnta um Sheirbhís Scagtha Ailse	OSA	Oifig Sláinte Áitiúil
CA	Clár Athraithe	OTOL	Oiliúint agus Taighde Oideachais Leighis
CDBF	Creat Dlíthiúil Bainistíochta Feidhmíochta	PCRS	Scéim Aisíocaíochta Chúraim Phríomhúil
CFOCO	Córas Fiosrúcháin d'Othair Chónaithe Ospidéal	PNOR	Plean Náisiúnta Oinceolaíochta Radaíochta
CLA	Coibhéis Lánaimseartha	POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
CLÁR	Ceantair Laga Ardriachtanais	PSN	Plean Seirbhíse Náisiúnta
CMSFR	Clár Measúnachta Soláthar Foirne Riaracháin	RA	An Roinn Airgeadais
CNA	Clárlann Náisiúnta Ailse	RCA	Rochtain, Comhtháthú, Acmhainní
CNCC	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	RÉ	An Rannóg Éigeandála
CNRA	An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse	RGAD	Réitigh Gnó Acmhainne Daonna
CPP	Clár Príobháideach Poiblí	RSL	An Roinn Sláinte agus Leanaí
CPPL	Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach	SC	Saincheist Parlaiminte
CS	Comhaontú Seirbhíse	SCPC / CFR	Seirbhísí Cartlainne Pictiúir agus Cumarsáide / Córas Faisnéise Radaíochta
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta	SÉB	Scéimeanna Éileamhbhunaithe
ELT	Eochairlimistéar Torthaí	SNAB	An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta
FCNSS	An Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte	TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
FCP	Foireann Chúraim Phríomhúil	TMF	Tuairisc Monatóireachta Feidhmíochta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	ÚFCS	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte
GFSS	An Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte	VEID / IGT	Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna/ Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha
DT	Dochtúir Teaghlaigh		
GSC	Grúpa Sainchomhairliúcháin		
IFCS	Ionfhabhtú Faighte ó Chúram Sláinte		
LAA	Luach ar Airgead		

Leabharliosta

- A Baseline Study on the Provision of Hospice / Specialist Palliative Care Services in Ireland, Foras Ospíse na hÉireann, 2006.
- A Framework for Major Emergency Management, Rialtas na hÉireann. Foilseacháin an Rialtais 2008.
- A New Direction for New South Wales Department of Health, Strategic Plan, Towards 2010, Sydney, An Astráil, 2007.
- A Straitéis do Rialú Ailse in Éirinn, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2006.
- Fís don Athrú. Tuarascáil an Ghrúpa Shaineolaigh faoi Pholasaí Sláinte Meabhrach, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2006.
- Acute Hospital Bed Capacity Review: A Preferred Health System in Ireland to 2020. PA Consulting agus FSS, 2007.
- Annual Output Statement 2008 for Health Group Votes. An Roinn Sláinte agus Leanaí, Foilseacháin Rialtais, 2008.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2007, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Baile Átha Cliath, 2008.
- Tuarascáil Bhliantúil 2006, An Coimisiún Meabhair-Shláinte, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.
- Plean Forbartha Caipitil 2008 – 2013 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, (foilsíú ar feitheamh).
- Census of Population 2006 Preliminary Report, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.
- Census of Population 2006 – Volume 11 – Disability, Carers and Voluntary Activities, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.
- Plean Gnó Corparáideach 2007, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Foilseacháin Rialtais, 2007.
- Plean Corparáideach 2005 – 2008, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Baile Átha Cliath, 2005.
- Disability Act 2005: Sectoral Plan for the Department of Health and Children, 2006.
- Equality in Ireland 2007, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.
- An tAcht Sláinte 2004 agus 2007, Rialtas na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Health Information: A National Strategy, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2004.
- Health in Ireland: Key Trends 2007, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2008.
- Téarmaí Tagartha Bhord Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Meán Fómhair 2006, nuashonraithe Samhain 2007.
- Homelessness, an Integrated Strategy, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2000.
- Insight 07: Health and Social Services in Ireland – a survey of consumer satisfaction, UCD agus Lansdowne Market Research, 2008.
- Irish Society for Quality and Safety in Healthcare (ISQSH) www.isqsh.ie
- Measuring Ireland's Progress, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2006.
- Medical Education in Ireland - A New Direction: Report of the Working Group on Undergraduate Medical Education and Training ("Fottrell Report"), 2006.
- National Childcare Investment Programme 2006 – 2010, Oifig an Aire Leanaí, Baile Átha Cliath, 2006.
- An Straitéis Náisiúnta Leanaí, Ár Leanaí – A Saol 2000 – 2010, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2000.
- Plean Seirbhíse Náisiúnta 2008, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2007.
- National Development Plan 2007 – 2013; Transforming Ireland; A better quality of life for all, Foilseacháin Náisiúnta, 2007.

National Health Strategy: Quality and Fairness – A Health System for You. An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2001.

Nova Scotia Department of Health, Ceanada website www.gov.ns.ca/health

National Strategy for Service User Involvement in the Irish Health Service, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2008.

Organisation for Economic Co-operation and Development. Health Data 2007: Statistics and Indicators for 30 countries. How does Ireland compare, 2007 www.oecd.org/health/health_data
Preparing Ireland's Doctors to meet the Health Needs of the 21st Century - Report of the Postgraduate Medical Education and Training Group ("Tuairisc Buttimer"), 2006.

Primary Care Strategy – A New Direction: Quality and Fairness A Health System For You, Straitéis Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2001

Lámh a Shíneadh – An Straitéis Náisiúnta le haghaidh Gnímh maidir le Féinmharú a Chosc 2005 – 2014, Grúpa Náisiúnta Athbhreithnithe ar Fhéinmharú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2005.

Report of the National Advisory Committee on Palliative Care, An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2001.

Report of the Working Group on the Accountability of Secretaries General and Accounting Officers, An Roinn Airgeadais, Rialtas na hÉireann, ("Tuairisc Mallarkey"), 2002.

Statistical Yearbook of Ireland 2007, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.

Strategic Plan 2007 – 2012, Creating dependable health care and better health for all Queenslanders, Rialtas Government, An Astráil, 2007.

Sectoral Plan under the Disability Act 2005, Year 1 Review, An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2007.

SLÁN 2007: Survey of Lifestyle, Attitudes & Nutrition in Ireland. Príomhtuairisc. Morgan K, McGee H, Watson D, Perry I, Barry M, Shelley E, Harrington J, Molcho M, Layte R, Tully N, van Lente E, Ward M, Lutomski J, Conroy R, Brugha R. An Roinn Sláinte agus Leanaí, Baile Átha Cliath, 2008.

Southern Health and Social Care Trust. Corporate Plan 2007/08, Tuaisceart na hÉireann www.southerntrust.hscni

Southland District Health Board, District Strategic Plan 2005 – 2010, Nua Shéalainn, 2005.

South Western Sydney Area Health Service, Strategic Directions Statement, June 2004 – June 2007, Sydney, An Astráil, 2004.

Ráiteas Straitéise 2008 – 2010: An Roinn Sláinte agus Leanaí, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2007.

Tackling Chronic Disease: A Policy Framework for the Management of Chronic Diseases.

An Roinn Sláinte agus Leanaí, Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 2008.

The Agenda for Children's Services: A Policy Handbook, Oifig an Aire Leanaí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2007.

The NHS Plan. A plan for investment. A plan for reform. National Health Service (NHS), An Ríocht Aontaithe, 2000.

The Role and Responsibilities of Accounting Officers. A Memorandum for Accounting Officers. Rannóg Cuntasaíochta an Rialtais, An Roinn Airgeadais, 2003.

I dTreo 2016: Comhaontú Compháirtíochta Sóisialta Deich mBliana 2006 – 2015, Foilseacháin Rialtais, 2006.

Transformation Programme 2007 – 2010, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2006.

Vancouver Island Health Authority, Five Year Strategic Plan, Vancouver, Ceanada, Aibreán 2006.

2008 Estimates for Public Services and Summary Public Capital Programme, Department of Finance, Irish Government, 2007.

Cairt ár Luachanna

Meas

Meas ar Othair/ar Chliaint agus ar chéile. Tábhacht bhunúsach daoine a aithint trí mheán na muiníne, na cúirtéise, na cumarsáide agus an chomhoibrithe.

- Beidh meas again ar ár n-othair / gcliaint, a dteaghláigh agus ar a chéile mar dhaoine.
- Inár gcumarsáid beidh muid comhbhách, dílis, ionraic, urramach, cineálta, tuisceanach agus báúil.
- Éistfimid le tuairimí agus dearcadh gach páirtithe leasmhara agus tabharfaimid faoi bhráid iad inár ngníomhartha, agus
- Léireoidimid dínit, béasaíocht agus gairmiúlacht i gcónaí.

Cothroime agus Comhionannas

Seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar bunaithe ar bhonn riachtanais agus ár ndícheall a dhéanamh seirbhís sláinte chothromasach a sholáthar.

- Déanfaimid seachadadh ar sheirbhísí ardchaighdeán iontaofa atá dírithe ar an duine, seachadta chomh gar don phointe cúraim agus is féidir.
- Déanfaimid ar ndícheall cothromas a bhaint amach maidir le rochtain agus seachadadh an réimse iomláin de sheirbhísí do gach duine, bunaithe ar ghá.
- Cinnteoidimid go gcomhlíontar riachtanais chúraim shláinte agus phearsanta na ndaoine sin atá faoin míbhuntáiste is mó agus atá ar imeall ár bpobal.

Barr Feabhais

Ár ndícheall a dhéanamh i ngach gné dár gcuid oibre.

- Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh ar ndícheall an cleachtas is fearr fianaisebhunaithe a sheachadadh.
- Déanfaimid ár bhfeidhmíocht / seirbhísí a iniúchadh agus a luacháil go leanúnach agus gníomhóimid ar na torthaí.
- Spreagfaimid agus éascóimid oiliúint agus forbairt leanúnach dár mbaill foirne go léir, agus
- Tabharfaimid tacaíocht do nuálaíocht agus spreagfaimid cruthaitheacht.

Ceannaireacht

Todhchaí FSS a stiúradh.

- Tá ról againn go léir i gceannaireacht tríd an bhfís a chur trasna, freagracht a ghlacadh, iontaoibh agus muinín a thógáil i measc comhghleacaithe agus úsáideoirí seirbhíse.
- Tabharfaimid treoir trí shampla – Is daoine muid léir le láidreachtaí éagsúla: foghlaimoimid ó láidreachtaí daoine eile a shaibhrigh ár saoil, agus
- Beidh meas againn agus tabharfaimid aitheantas do ról ár bhfoirne agus spreagfaimid bród as seachadadh ár seirbhísí.

Cuntasacht agus Freagracht

Macántacht, comhsheasmhacht agus cuntasacht inár gcinntí, ár mbriathra agus ár ngníomhartha.

- Soláthróimid seirbhísí sóisialacha sláinte agus pearsanta laistigh dár mbuiséad leithdháilte.
- Cinnteoidimid iontaofacht inár bpróisis agus ár gcleachtais.
- Spreagfaimid agus ceadóimid freagracht aonáin agus tabharfaimid cumhacht do bhaill foirne a seirbhísí a bhainistiú.
- Aithneoidimid feidhmíocht agus cuirfimid agóid i gcoinne tearcfheidhmíocht agus neamhfheidhmíocht, agus
- Nuair a tharlaíonn rud éigin mícheart, tabharfaimid aitheantas dó, gabhfaimid leithscéal agus fiosróimid cad a tharla. Cuirfimid meicníochtaí i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Stiúrtóireacht Phleanáil Chorporáideach & Próisis Rialaithe
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Áras Sláinte
Bóthar Wilton
Corcaigh

Uimh. Theileafóin: 021 4923616

Ríomhphost: cpcp@hse.ie

www.hse.ie